**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Seisiún iomlánach*

**A9-0168/2022**

30.5.2022

# TUARASCÁIL

maidir le shlándáil i limistéar Chomhpháirtíocht an Oirthir agus ról an chomhbheartais slándála agus cosanta
(2021/2199(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Jan Waszczykowski Witold

PR_INI

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

SEASAMH MIONLAIGH .....................................................................................................42

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................43

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........44

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le shlándáil i limistéar Chomhpháirtíocht an Oirthir agus ról an chomhbheartais slándála agus cosanta**
**(2021/2199(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do Bhrollach an Chonartha ar an Aontas Eorpach (CAE), go háirithe míreanna a trí, a ceathair agus a sé de,

– ag féachaint do Theideal V CAE, go háirithe Caibidil a Dó, Roinn a Dó de maidir le forálacha i dtaca leis an gcomhbheartas slándála agus cosanta (CBSC),

– ag féachaint don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile[1], don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile[2], don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile[3], don Comhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile[4], don Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAsarbaiseáine, den pháirt eile[5],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle[6],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/887 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin[7],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um

[1] IO L 161, 29.5.2014, lch. 3
[2] IO L 261, 30.8.2014, lch. 4
[3] IO L 260, 30.8.2014, lch. 4
[4] IO L 23, 26.1.2018, lch. 4
[5] IO L 246, 17.9.1999, lch. 3
[6] IO L 209, 14.6.2021, lch. 1
[7] IO L 202, 8.6.2021, lch. 1

Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil)[8],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann slándála do líonraí agus do chórais faisnéise ar fud an Aontais[9],

– ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/1792 ón gComhairle an 11 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin[10],

– ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána (EPF), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528[11],

– ag féachaint do Chinntí (CBES) 2021/748[12], 2021/749[13] agus 2021/750[14] ón gComhairle an 6 Bealtaine 2021 maidir le rannpháirtíocht Cheanada, Ríocht na hIorua agus Stáit Aontaithe Mheiriceá i dtionscadal soghluaisteachta míleata PESCO,

– ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/1537 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2020 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit[15],

– ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/1127 ón gComhairle an 30 Iúil 2020 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit[16],

– ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit[17],

– ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle an 11 Nollaig 2017 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach[18],

– ag féachaint do Chinneadh 2014/486/CBES ón gComhairle an 22 Iúil 2014 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh d'Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí

[8] IO L 151, 7.6.2019, lch. 15
[9] IO L 194, 19.7.2016, lch. 1
[10] IO L 359 I, 11.10.2021, lch. 6.
[11] IO L 102, 24.3.2021, lch. 14.
[12] IO L 160, 7.5.2021, lch. 106
[13] IO L 160, 7.5.2021, lch. 109
[14] IO L 160, 7.5.2021, lch. 112
[15] IO L 351 I, 22.10.2020, lch. 5.
[16] IO L 246, 30.7.2020, lch. 12
[17] IO L 129 I, 17.5.2019, lch. 13.
[18] IO L 331, 14.12.2017, lch. 57.

Slándála san Úcráin (EUAM an Úcráin)[19], agus do Chinneadh (CBES) 2021/813 ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena leasaítear Cinneadh 2014/486/CBES maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh d'Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM an Úcráin)[20],

– ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/736/CBES ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2008 maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM na Seoirsia[21], agus Cinneadh (CBES) 2020/1990 ón gComhairle an 3 Nollaig 2020 lena leasaítear Cinneadh 2010/452/CBES maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM na Seoirsia[22],

– ag féachaint do Chlár Oibre Bliantúil an Chiste Eorpaigh Cosanta le haghaidh 2021, arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 30 Meitheamh 2021,

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann ar fud an Aontais, lena n‑aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (COM(2020)0823),

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil (COM(2020)0829),

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 16 Nollaig 2020 dar teideal 'The EU's Cybersecurity Strategy for the Digital Decade' [Straitéis Chibearshlándála AE don Deacáid Dhigiteach] (JOIN(2020)0018),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Iúil 2020 maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála (COM(2020)0605),

– ag féachaint don teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dar teideal 'Resilience, Deterrence and Defence:Building strong cybersecurity for the EU [Athléimneacht, Díspreagadh agus Cosaint: Cibearshlándáil láidir a thógáil do AE]' (JOIN(2017)0450),

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 7 Meitheamh 2017 dar teideal 'A Strategic Approach to Resilience in the EU's external action [Cur chuige Straitéiseach don Athléimneacht i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh]' (JOIN(2017)0021),

– ag féachaint don chruinniú neamhfhoirmiúil den Chomhairle Eorpach a tionóladh an 10 agus an 11 Márta 2022, don chruinniú foirmiúil den Chomhairle Eorpach a tionóladh an 24 agus an 25 Márta 2022 agus do chruinniú mullaigh urghnách ECAT an 24 Márta 2022,

[19] IO L 217, 23.7.2014, lch. 42.
[20] IO L 180, 21.5.2021, lch. 149.
[21] IO L 248, 17.9.2008, lch. 26.
[22] IO L 411, 7.12.2020, lch. 1.

– ag féachaint do ráiteas ó chomhaltaí na Comhairle Eorpaí an 26 Feabhra 2021 maidir le slándáil agus cosaint,

– ag féachaint do chlár oibre straitéiseach nua 2019-2024 a ghlac an Chomhairle Eorpach an 20 Meitheamh 2019,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 20 Nollaig 2013, an 26 Meitheamh 2015, an 15 Nollaig 2016, an 9 Márta 2017, an 22 Meitheamh 2017, an 20 Samhain 2017 agus an 15 Nollaig 2017,

– ag féachaint do na Conclúidí ón gComhairle an 22 Eanáir 2018 maidir leis an gcur chuige comhtháite i leith coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha agus an 24 Eanáir 2022 maidir le staid slándála na hEorpa,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 25 Samhain 2013, an 18 Samhain 2014, an 18 Bealtaine 2015, an 27 Meitheamh 2016, an 14 Samhain 2016, an 18 Bealtaine 2017, an 17 Iúil 2017, an 25 Meitheamh 2018, an 17 Meitheamh 2019, an 10 Nollaig 2019, an 17 Meitheamh 2020, an 12 Deireadh Fómhair 2020, an 20 Samhain 2020, an 7 Nollaig 2020 agus an 10 Bealtaine 2021 maidir leis an gcomhbheartas slándála agus cosanta,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 13 Nollaig 2021 maidir le comhshocrú sibhialtach CBSC,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 20 Samhain 2020 maidir le hathbhreithniú straitéiseach PESCO 2020,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 16 Meitheamh 2020 maidir le gníomhaíocht sheachtrach AE i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus leis an antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 maidir le hiarrachtaí comhlántacha chun an athléimneacht a fheabhsú agus chun bagairtí hibrideacha a chomhrac,

– ag féachaint do chonclúidí an 10 Nollaig 2018 ón gComhairle maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil,

– ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle ar an 19 Samhain 2018, maidir le comhshocrú sibhialtach CBSC a bhunú,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 19 Meitheamh 2017 maidir leis an gcreat le haghaidh freagairt chomhpháirteach taidhleoireachta ón Aontas ar chibirghníomhaíochtaí mailíseacha (‘Bosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta’),

– ag féachaint don tuarascáil deiridh den chéad timthriall den Athbhreithniú Bliantúil Comhordaithe ar Chosaint (CARD) a cuireadh faoi bhráid na Comhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Samhain 2020

– ag féachaint don straitéis dhomhanda dar teideal ‘Shared Vision, Common Action: A Stronger Europe – A Global Strategy for the European Union’s Foreign and Security Policy’[‘Fís Chomhroinnte, Gníomhaíocht Chomhchoiteann: Eoraip níos láidre – Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh’, arna thíolacadh ag Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 28 Meitheamh 2016,

– ag féachaint do na dearbhuithe comhpháirteacha ó chruinnithe mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir 2009 i bPrág, 2011 i Vársá, 2013 i Vilnias, 2015 i Ríge, 2017 sa Bhruiséil agus 2021 sa Bhruiséil,

– ag féachaint don dearbhú comhchoiteann a ghlac Coistí Parlaiminteacha Gnóthaí Eachtracha na Triúr Comhlachais, agus dóibh siúd a ghlac an Pholainn agus an Liotuáin an 13 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhar a neartú laistigh de raon feidhme an fhaireacháin ar chearta an duine i gcríocha stáit Chomhpháirtíocht an Oirthir atá faoi fhorghabháil ag an Rúis,

– ag féachaint do Phrótacal Mhionsc an 5 Meán Fómhair 2014, do Mheabhrán Mhionsc an 19 Meán Fómhair 2014, agus don phacáiste beart chun Comhaontuithe Mhionsc a chur chun feidhme, a glacadh agus a síníodh i Mionsc an 12 Feabhra 2015, agus a d’fhormhuinigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ina n-iomláine i Rún 2202 (2015) an 17 Feabhra 2015,

– ag féachaint do na cruinnithe tríthaobhacha an 14 Nollaig 2021 agus an 6 Aibreán 2022 idir Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Charles Michel, Uachtarán Phoblacht na hAsarbaiseáine, Ilham Aliyev agus Príomh-Aire Phoblacht na hAirméine, Nikol Pashinyan,

– ag féachaint don dearbhú comhpháirteach maidir leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT an 10 Iúil 2018 agus do dhearbhú comhpháirteach AE-ECAT an 8 Iúil 2016,

– ag féachaint do séú tuarascáil ar dhul chun cinn an 17 Bealtaine 2021 maidir le cur chun feidhme an tacair chomhchoitinn de thograí a d’fhormhuinigh Comhairle AE agus Comhairle ECAT an 6 Nollaig 2016 agus an 5 Nollaig 2017,

– ag féachaint don tacar comhchoiteann de 74 thogra chun Dearbhú Comhpháirteach Vársá a chur chun feidhme a d’fhormhuinigh Comhairle AE agus Comhairle ECAT an 6 Nollaig 2016 agus an 5 Nollaig 2017,

– ag féachaint do ráiteas comhpháirteach ó AE agus ó na Náisiúin Aontaithe an 24 Eanáir 2022 maidir leis an gComhpháirtíocht Straitéiseach idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir le hOibríochtaí Síochána agus Bainistiú Géarchéimeanna a atreisiú: Tosaíochtaí do 2022-2024,

– ag féachaint do Chairt na Náisiún Aontaithe, d’Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí 1975 de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE), do Chairt Pháras 1990 le haghaidh Eoraip Nua, do Chód Iompair ESCE maidir le Gnéithe Polaitiúla-Míleata den tSlándáil an 3 Nollaig 1994, don Mheabhrán maidir le Dearbhú Slándála maidir le hAontachas na hÚcráine leis an gConradh i ndáil le Neamhleathadh Arm Núicléach an 5 Nollaig 1994 (Meabhrán Bhúdaipeist maidir le Dearbhú Slándála)

agus Doiciméad Vín an 30 Samhain 2011 maidir le bearta cothaithe muiníne agus slándála,

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Iúil 2021 ar an gcomhar idir AE agus ECAT i gcomhthéacs an chaidrimh thrasatlantaigh[23],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Bealtaine 2021 maidir le príosúnaigh chogaidh i ndiaidh na coinbhleachta is déanaí idir an Airméin agus an Asarbaiseáin[24],

– ag féachaint do rún uaithi an 25 Márta 2021 ar chur chun feidhme Threoir 2009/81/CE, maidir le soláthar i réimsí na cosanta agus na slándála, agus Threoir 2009/43/CE, maidir le haistriú táirgí a bhaineann le cosaint[25],

– ag féachaint do rún uaithi an 11 Feabhra 2021 maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Comhlachais AE leis an Úcráin[26],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Eanáir 2021 maidir le cur chun feidhme an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta – tuarascáil bhliantúil 2020[27],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Eanáir 2021 maidir le cur chun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála – tuarascáil bhliantúil 2020[28],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2020 maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Comhlachais AE le Poblacht na Moldóive[29],

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Meán Fómhair 2020 maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Comhlachais AE leis an tSeoirsia[30],

– ag féachaint do mholadh uaithi an 19 Meitheamh 2020 chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le Comhpháirtíocht an Oirthir, roimh Chruinniú Mullaigh mhí an Mheithimh 2020[31],

– ag féachaint do rún uaithi an 11 Nollaig 2018 maidir le soghluaisteacht mhíleata[32],

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Meitheamh 2018 maidir le cibearchosaint[33],

– ag féachaint dá rúin roimhe seo maidir leis an Rúis, go háirithe na rúin sin a bhaineann le gníomhaíochtaí na Rúise i gcríocha thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, a hionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé, a sáruithe ar chearta Thataraigh na Crimé,

---

[23] IO C 99, 1.3.2022, lch. 105.
[24] IO C 15, 12.1.2022, lch. 156.
[25] IO L 494, 8.12.2021, lch. 54
[26] IO C 465, 17.11.2021, lch. 87.
[27] IO C 456, 10.11.2021, lch. 78.
[28] IO C 456, 10.11.2021, lch. 64.
[29] IO L 404, 6.10.2021, lch. 136.
[30] IO C 385, 22.9.2021, lch. 40.
[31] IO L 362, 8.9.2021, lch. 114.
[32] IO C 388, 13.11.2020, lch. 22.
[33] IO C 28, 27.1.2020, lch. 57.

a forghabháil ar chodanna de chríoch na hÚcráine, na Seoirsia agus Phoblacht na Moldóive agus gníomhaíochtaí gaolmhara teorannaithe, chomh maith lena bolscaireacht naimhdeach agus bréagaisnéis i gcoinne thíortha AE agus thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir,

– ag féachaint d’Airteagal 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0168/2022),

A. de bhrí go bhfuil Chomhpháirtíocht an Oirthir mar chuid de bheartas comharsanachta AE agus de bhrí go bhfuil cur chuige cuimsitheach ag AE i leith na slándála agus na hathléimneachta, lena n-áirítear i gcoinne cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha, atá ceaptha go sonrach chun an caidreamh leis na sé thír de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir a dhaingniú: an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an tSeoirsia, Poblacht na Moldóive agus an Úcráin, chun cuidiú le cur chun cinn na síochána, na cobhsaíochta, na hathléimneachta, an rathúnais chomhroinnte, na forbartha inbhuanaithe, na n-athchóirithe agus na slándála daonna i gcomharsanacht Oirthear an Aontais, chun an comhar eacnamaíoch a neartú, chun tacú le hathchóiriú trasearnála agus chun rannchuidiú le hathléimneacht fhoriomlán na dtíortha sin, de mheon úinéireachta agus freagrachta comhroinnte;

B. de bhrí go bhféachann Chomhpháirtíocht an Oirthir le cobhsaíocht, rathúnas agus comhar frithpháirteach a chothú, agus leis an tiomantas do na hathchóirithe is gá a chur chun cinn;de bhrí go bhfuil géarghá le réiteach síochánta coinbhleachta a neartú ar fud Chomhpháirtíocht an Oirthir, go háirithe trí chuir chuige agus fóraim iltaobhacha amhail ESCE;de bhrí gur gá straitéis a fhorbairt maidir le conas aghaidh níos fearr a thabhairt ar ghnéithe slándála de bheartas AE maidir le Chomhpháirtíocht an Oirthir, agus riachtanais slándála na dtíortha comhpháirtíochta ábhartha á dtógáil mar thúsphointe, ós rud é gur bagairt shuntasach dhomhanda agus bagairt ar shíocháin, cobhsaíocht agus slándáil thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus mhór-roinn na hEorpa é díchobhsú réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir;

C. de bhrí go bhfuil Chomhpháirtíocht an Oirthir ag dul i ngleic le sáruithe tromchúiseacha ar an dlí idirnáisiúnta, ar bhagairtí slándála agus ar choinbhleachtaí le blianta beaga anuas, rud ba chúis le cogadh reatha foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine;de bhrí go bhfuil slándáil agus síocháin i gcomharsanacht an Oirthir ag glacadh leis go ndéantar an dlí idirnáisiúnta, iomláine chríochach agus cearta agus saoirsí bunúsacha a urramú agus a chaomhnú;de bhrí gur cheart do AE a dhícheall a dhéanamh chun cabhrú le tíortha comhlachaithe Chomhpháirtíocht an Oirthir a gceannasacht agus a smacht iomlán ar a gcríocha a fháil ar ais; de bhrí go bhfuil tiomantas soiléir AE do pheirspictíocht Eorpach thíortha comhlachaithe Chomhpháirtíocht an Oirthir ríthábhachtach d’athchóirithe atá ar son an daonlathais agus do shlándáil, cobhsaíocht agus rathúnas a sochaithe;

D. de bhrí gur chinn AE agus comhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir go comhpháirteach a gcomhar i réimse na slándála a dhoimhniú, lena n-áirítear feabhas a chur ar chumas thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir dul i ngleic le bagairtí hibrideacha agus cibearbhagairtí;de bhrí nach mór díriú ar ghnáthbhagairtí a chaomhnú freisin, ag cur san áireamh na forbairtí a tharla le déanaí sa réigiún iar-Shóivéadacha níos leithne;

E. de bhrí go bhfuil aidhmeanna bunriachtanacha Chomhpháirtíocht an Oirthir tairbheach

do gach comharsa, lena n-áirítear an Rúis, sa mhéid is go gcabhraíonn siad le réigiún níos cobhsaí a chruthú trí bhearta lena gcaomhnaítear an dlí idirnáisiúnta, urraim d'iomláine chríochach agus do na conarthaí lena rialaítear an caidreamh idir stáit agus lena gcuirtear feabhas ar an dea-rialachas, ar an daonlathas, ar an smacht reachta, ar an urraim do chearta an duine agus ar an dea-chaidreamh comharsanachta trí shíocháin, cobhsaíocht, rathúnas comhroinnte agus ionchais do phobail thíortha uile Chomhpháirtíocht an Oirthir a chur chun cinn;de bhrí gur bagairt shuntasach do AE agus don tsíocháin, don chobhsaíocht agus don tslándáil dhomhanda é díchobhsú réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir;

F. dde bhrí gur athdhearbhaíodh ag Cruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir a tionóladh an 15 Nollaig 2021 ceart ceannasach gach comhpháirtí a leibhéal uaillmhéine agus a spriocanna a roghnú ina chaidreamh le AE;

G. de bhrí go raibh iarrachtaí méadaithe mar thoradh ar Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir chun athléimneacht a fheabhsú, cumarsáid straitéiseach agus an comhrac i gcoinne na bréagaisnéise a neartú, agus an tslándáil, an t-idirphlé cibearshlándála agus an comhar a chothú i réimsí CBSC;

H. de bhrí go bhfuil coinbhleacht chríochach ar a tairseach ag gach tír i limistéar Chomhpháirtíocht an Oirthir, seachas an Bhealarúis, arna stiúradh ag an Rúis nó a bhfuil baint aici leis;

I. de bhrí, an 22 Feabhra 2022, gur thacaigh an dá sheomra de Pharlaimint na Rúise — an Chomhairle Cónaidhme agus Dúma an Stáit — d'aon ghuth le haitheantas a thabhairt do réigiúin scarúnaíocha na hÚcráine in Donetsk agus Luhansk mar stáit neamhspleácha;

J. de bhrí, an 23 Feabhra, gur vótáil Parlaimint na Rúise chun ligean don Uachtarán Putin arm na Rúise a úsáid lasmuigh den tír chun 'tacaíocht a thabhairt do scarúnaithe san Úcráin';

K. de bhrí gur fhógair Uachtarán na Rúise Vladimir Putin an 24 Feabhra i gcraoladh teilifíse réamhthaifeadta gur ordaigh sé 'oibríocht mhíleata speisialta' in oirthear na hÚcráine;de bhrí gur tharla ionsaithe diúracán i mórán cathracha ar fud na tíre cúpla nóiméad ina dhiaidh sin, lena n-áirítear i bpríomhchathair na hÚcráine; de bhrí, ag breacadh an lae, gur thrasnaigh trúpaí agus feithiclí armúrtha isteach in oirthear na hÚcráine ó theorainn na Rúise, agus ón mBealarúis sa tuaisceart agus ón gCrimé, a d'ionghabh an Rúis go neamhdhleathach, ó dheas;

L. de bhrí, an 27 Feabhra, gur chinn an tUachtarán Putin fórsaí núicléacha agus diúracán na Rúise a chur ar an leibhéal ullmhachta is airde don chomhrac;

M. ade bhrí, an 24 Feabhra 2022, gur thosaigh an Rúis ionradh iomlán ar an Úcráin trí theorainneacha thuaidh, thoir agus theas na tíre agus na Mara Duibhe, tar éis di níos mó ná 200 000 trúpa a chruinniú i bhfoirm ionsaitheach ar theorainn na hÚcráine, agus dlús á chur aici freisin lena beartaí hibrideacha agus cibearchogaíochta i gcoinne údaráis thofa na hÚcráine, agus ag an am céanna go ndearna sí buamáil mhór ar limistéir shibhialtacha inar úsáidíodh a n-aerfhórsaí agus cabhlaigh agus armra ab airde; de bhrí gurb í seo an choimhlint mhíleata is mó san Eoraip ón Dara Cogadh Domhanda;

N. de bhrí, in ainneoin céimeanna ar gúl ag an tús mar gheall ar dhianiarrachtaí frithbheartaíochta na hÚcráine, go bhfuil oibríochtaí ionsaitheacha agus ionsaithe aeir agus airtléire/roicéid déanta ag fórsaí na Rúise ar shuíomhanna shibhialtacha agus ar bhonneagar sibhialtach, lena n-áirítear ar chonairí aslonnaithe aitheanta;

O. de bhrí, an 13 Márta, gur ghéaraigh an Rúis a cogadh foghach san Úcráin le hionsaithe ar bhunáit mhíleata suntasach níos lú ná 16 km ó theorainn na Polainne, inar maraíodh ar a laghad 35 duine agus inar gortaíodh 134 duine eile, rud a chruthaigh ardteannas breise sa réigiún;

P. de bhrí go leanann an Rúis, de chuid an Uachtarán Putin, de bheith ag gabháil do chogadh foghach agus cogaíocht hibrideach leanúnach i gcoinne roinnt tíortha de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir, agus an bhagairt fornirt atá ann i gcónaí ar fud an réigiúin, ionsaí armtha agus forghabháil neamhdhleathach mar thaca leis, d'fhonn stáit a choinneáil lag go polaitiúil agus lasmuigh den pholaitíocht agus iad ceangailte le réimse tionchair féindearbhaithe Mhoscó, agus neamhaird éifeachtach á tabhairt aici ar cheart ceannasach thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir i leith iomláine chríochach, a roghanna beartais eachtraigh féin a dhéanamh agus a comhghuaillíochtaí féin a roghnú, de shárú ar phrionsabail ábhartha ESCE a chumhdaítear in Ionstraim Críochnaitheach Heilsincí 1975, Cairt Pháras 1990 chomh maith le Doiciméad Iostanbúl (1999) agus Dearbhú Astana (2010); de bhrí go bhfuil gníomhaíochtaí ionsaitheacha na Rúise agus a hiarrachtaí chun ord slándála na hEorpa a lagú ina gcúis le héagobhsaíocht sa réigiún agus níos faide i gcéin agus go bhfuil sé mar aidhm acu freisin ról AE sa réigiún a lagú agus a dhíghrádú;

Q. de bhrí go ndearna ionsaí míleata díreach na Rúise i gcoinne na Seoirsia in 2008 agus forghabháil 20 % dá críocha ina dhiaidh sin, a hionradh, a forghabháil shealadach agus a hionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé in 2014, agus a tacaíocht do scarúnaithe in Donetsk agus Luhansk, an réigiún a dhíchobhsú agus go raibh sé ina fhasach as ar eascair cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus ina sáruithe soiléire ar cheannasacht, neamhspleáchas, aontacht agus iomláine chríochach na Seoirsia agus na hÚcráine;de bhrí go bhfuil na gníomhaíochtaí sin cáinte go láidir ag AE agus go bhfuil rún daingean aige gan aitheantas a thabhairt do réigiúin na Rúise a ndearnadh ionghabháil neamhdhleathach orthu agus atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach, ar réigiúin iad a d'úsáid sí chun ionsaí a thosú i gcoinne roinnt tíortha de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir, ag tabhairt ar na Ballstáit agus ar AE raon beart sriantach a dhéanamh;de bhrí gur léirigh gníomhaíochtaí na Rúise go ndiúltaíonn an Rúis do thoilmhianta thíortha comhlachaithe Chomhpháirtíocht an Oirthir dul isteach in AE nó ECAT agus go bhfuil sí meáite ar aon iarrachtaí chun cabhrú le forbairt dhaonlathach i réigiún a mheasann sí a bheith 'gar don choigríoch' a throid agus a chonspóid; de bhrí go measann an Chreimil i gcónaí go bhfuil réimse tionchair na Rúise 'gar don choigríoch';

R. de bhrí, le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, go nochtar leochaileachtaí móra maidir le slándáil na mBallstát agus tíortha AE atá ag teacht chun cinn, go háirithe stáit i réigiúin Mhuir Bhailt agus na Mara Duibhe;

S. de bhrí gur chabhraigh agus gur neartaigh an Bhealarúis cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tar éis cead a thabhairt d'fhórsaí armtha na Rúise druileanna

míleata seachtaine a dhéanamh ar chríoch na Bealarúise sular lig sí dá críoch feidhmiú mar cheap lainseála d'ionradh na hÚcráine;

T. de bhrí, i mí Mheán Fómhair 2021, gur chuimsigh freachnamh ZAPAD na Rúise leis an mBealarúis agus roinnt tíortha eile in Eagraíocht Chonradh na Comhshlándála (CSTO) faoi stiúir na Rúise, oiliúint suas le 200 000 trúpaí i ngníomhaíochtaí frithcheannairc, i gcogaíocht uirbeach agus i gcibearionsaithe i dtaispeántas fornirt neamhthrédhearcach; de bhrí go ndéanann an Rúis agus an Bhealarúis freachnaimh chomhpháirteacha go rialta agus gur chomhaontaigh siad ar fhoirceadal míleata comhpháirteach;de bhrí gur léiríodh leis an bhfreachnamh míleata comhpháirteach idir an Rúis agus an Bhealarúis '2022 Allied Resolve' go bhfuil bearna na Rúise i gcumais mhíleata ag dúnadh go tapa, agus ag an am céanna go bhfuil sí ag baint amach níos mó agus níos mó a haidhm a caidreamh polaitiúil agus míleata le tíortha Eagraíocht Chonradh na Comhshlándála a dhoimhniú; de bhrí gur léiríodh go raibh na freachnaimh mhíleata sin ina n-oiliúint chun ionsaí a dhéanamh ar an Úcráin agus chun cogadh foghach a dhéanamh ann sa deireadh;de bhrí go bhfuil fórsaí míleata na Rúise sa Bhealarúis ina mbagairt don Úcráin, don Pholainn, don Liotuáin agus don Eoraip ar fad agus go bhféadfadh sé sin a bheith mar chuid de phlean deiridh chun an Bhealarúis a chur faoi chois agus a fhorghabháil;

U. de bhrí go ndearna réimeas neamhdhlisteanach Aliaksandr Lukashenka, agus é ag iarraidh fanacht i gcumhacht, an caidreamh le Putin na Rúise a threisiú, gur aontaigh sé comhtháthú Stát an Aontais a dhoimhniú agus trúpaí Rúiseacha a óstáil feadh theorainn na Bealarúise-na hÚcráine, agus gur dhearbhaigh sé go bhfuil sí tiomanta do throid le taobh na Rúise i gcás cogaidh;

V. de bhrí go bhfuil an Bhealarúis ciontach i gcogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, tar éis ionradh na Rúise ó laistigh de chríoch na Bealarúise a cheadú agus tacú léi, agus ar an gcaoi sin a dílseachtaí polaitiúla a léiriú go soiléir agus réimeas smachtbhannaí AE láidir agus feabhsaithe i gcoinne na Bealarúise a spreagadh;

W. de bhrí nár cheart réimeas neamhdhlisteanach Aliaksandr Lukashenka a áireamh in aon chomhar i réimse na slándála agus na cosanta, toisc go bhféadfaí úsáid a bhaint as aon ghníomhaíochtaí féideartha i gcoinne Bhallstáit an AE nó chun muintir na Bealarúise a chur faoi chois;

X. de bhrí, tar éis léirsithe ollmhóra i gcoinne calaoise toghcháin ollmhóra, go bhfuil méadú breise déanta ag réimeas na Bealarúise ar an gcos ar bolg intíre agus foréigneach i gcoinne cuid mhór de shaoránaigh na Bealarúise atá ag iarraidh sochaí dhaonlathach a bhaint amach, agus gur tréigeadh an aidhm a bhí aici caidreamh níos fearr a chothú leis an AE; de bhrí go bhfuil an Bhealarúis tar éis treochtaí i dtreo an daonlathaithe a fhreaschur agus glacadh le himircigh a ionstraimiú i gcomhthéacs géarchéime ar an teorainn idir an AE agus an Bhealarúis, agus de bhrí go leanann sí ag cur deireadh le toilmhianta intíre i dtreo léirscaoileadh agus díchobhsú agus deighilt a dhéanamh ar Bhallstáit AE chun deireadh a chur le smachtbhannaí spriocdhírithe AE i gcoinne daoine aonair agus eintiteas atá freagrach as cos ar bolg bhrúidiúil; de bhrí go gcuireann réimeas Lukashenka cobhsaíocht réigiúnach i mbaol trí chogadh hibrideach a dhéanamh agus, chun aimhleasa na sábháilteachta eitlíochta, gur cuireadh iallach ar eitilt de chuid Ryanair teacht chun talún i Mionsc, rud a thug ar AE smachtbhannaí a fhorchur;

Y. de bhrí gur fhormheas an Bhealarúis, an 27 Feabhra 2022, bunreacht nua lenar cuireadh deireadh le stádas neamhnúicléach na tíre;

Z. de bhrí, tar éis chinneadh na Rúise aitheantas oifigiúil a thabhairt do dhaon-phoblachtaí Luhansk agus Donetsk an 21 Feabhra 2022, gur dhearbhaigh Uachtarán na Rúise, Vladimir Putin, nach raibh Comhaontuithe Mhionsc 'ann a thuilleadh' agus go raibh an milleán ar an Úcráin as a gcliseadh;de bhrí go bhfuil Comhaontuithe Formáid na Normainne agus Comhaontuithe Mhionsc I agus II neamhéifeachtach go dtí seo agus gur theip orthu deireadh a chur leis an gcogaíocht go léir idir an Úcráin agus fórsaí le tacaíocht na Rúise agus foirmíochtaí armtha neamhdhleathacha i limistéir áirithe de réigiúin Donetsk agus Luhansk san Úcráin;de bhrí go bhfuil todhchaí Fhormáid na Normainne agus Chomhaontuithe Mhionsc I & II an-éiginnte, ós rud é gur maraíodh na mílte sa choinbhleacht armtha idirnáisiúnta san Úcráin agus gur easáitíodh thart ar 10 milliún duine agus níos mó ná 4 mhilliún dídeanaí;de bhrí go leanann ionsaithe sliogáin laethúla agus troideanna gunnaí de bheith ag marú agus ag gortú daoine;

AA. de bhrí go mbaineann na bagairtí ar chomharsanacht an Oirthir ní hamháin le hiompar agus gníomhaíochtaí na Rúise, ach go gcuimsíonn siad freisin raon leathan bagairtí lena n-áirítear tionchar réimis forlámhacha eile, sceimhlitheoireacht, coireacht eagraithe, gáinneáil ar dhaoine, éilliú, ionstraimiú na himirce neamhrialta, bréagaisnéis, athrú aeráide, cibirionsaithe, leathadh arm ollscriosta, truailliú comhshaoil mar thoradh ar choinbhleacht mhíleata, soláthairtí fuinnimh curtha in oiriúint le húsáid i gcogadh, gníomhaíochtaí hibrideacha agus a lán bagairtí eile ar chomhtháthú sochaithe sa chomharsanacht;

AB. de bhrí go mbaineann bagairtí hibrideacha le comhcheangal córasach de chogaíocht faisnéise, ainlithe fórsa lúfar, ollchogaíocht chibirchogaíochta agus úsáid mhéadaithe teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí suaiteacha ó ghrinneall na farraige go dtí an spás, lena n-áirítear ardtrealamh aeranálaithe agus faireachas spásbhunaithe araon, agus imscaradh córas stailce, a gcumasófar iad uile le hardintleacht shaorga (IS), ríomhaireacht chandamach, teicneolaíochtaí saithe dróin atá ag éirí níos 'cliste' de réir a chéile, cibearchumais ionsaitheacha, córais diúracán hipearsonach, nanaitheicneolaíocht agus cogaíocht bhitheolaíoch;

AC. de bhrí nach féidir neamhaird a thabhairt ar an acmhainneacht atá ag an Rúis an cogadh a ghéarú agus úsáid a bhaint as airm cheimiceacha, bhitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha;de bhrí gur cúis mhór imní do AE creimeadh an ollstruchtúir dhomhanda dí-armála, neamhleata agus rialaithe arm;

AD. de bhrí go ndearna fórsaí na Rúise ionsaithe míleata ar stáisiúin núicléacha Chernobyl agus Zaporizhzhia, gur ghlac siad smacht ar na stáisiúin agus gur ghabh siad a bhfoirne mar ghialla ar feadh roinnt seachtainí, agus go bhfuil cosc ar an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach rochtain a fháil ar na sonraí a tharchuirtear ó na saoráidí sin agus faireachán a dhéanamh ar an ábhar núicléach; de bhrí go bhféadfaí díriú ar stáisiúin núicléacha eile san Úcráin má leanann an chogaíocht ar aghaidh;

AE. de bhrí gur sheol Moscó feachtas bréagaisnéise ina líomhnaítear go raibh airm bhitheolaíocha á bhforbairt ag na Stáit Aontaithe san Úcráin; de bhrí gur thacaigh Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Síne leis an méid a bhí á mhaíomh ag an Rúis;

AF. de bhrí gur iarr an Rúis go dtionólfaí cruinniú de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun plé a dhéanamh ar a líomhaintí maidir le húsáid arm bitheolaíoch;

AG. de bhrí go bhféadfadh feachtas oifigiúil bréagaisnéise na Rúise a bheith ag cur tús le himscaradh arm bitheolaíoch; de bhrí go bhféadfadh bréagaisnéis a bhaineann le hairm bhitheolaíocha a bheith ina cúis lena n-úsáid sa deireadh;

AH. de bhrí go gcuireann feachtais bhréagaisnéise atá urraithe ag an Rúis agus cur isteach hibrideach forbairt an smachta reachta, institiúidí daonlathacha, agus peirspictíocht na hEorpa i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir i mbaol; de bhrí go gcuireann bréagaisnéis an daonra i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir amú, go scaipeann sí mímhuinín i bpróisis dhaonlathacha agus sna meáin thraidisiúnta, go ndéanann sí deighilt ar shochaithe, go mbaineann sí an bonn de chearta an duine, go gcuireann sí in olcas coinníollacha a bhaineann le mionlaigh agus grúpaí leochaileacha, agus go bhfuil tionchar, atá ag éirí níos measa, aici ar shlándáil inmheánach thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir ar an iomlán;

AI. de bhrí go bhfuil an Rúis ag iarraidh ollstruchtúr slándála na hEorpa a dhíchóimeáil agus a athdhearadh agus geallúintí a bhaint as an gcomhphobal trasatlantach gan glacadh leis an Úcráin ná leis an tSeoirsia in ECAT, agus go bhfuil sí ag éileamh go dtarraingeofaí trúpaí ECAT siar ó roinnt Ballstát AE, agus ar an gcaoi sin go ndéanfaí dímheas a léiriú do chroíphrionsabail shlándáil na hEorpa mar a comhaontaíodh i measc tíortha Eorpacha, lena n-áirítear an Rúis; de bhrí go léiríonn an fíoras go ndearna trúpaí na Rúise ionradh ar an Úcráin trí chríoch na Bealarúise chun cabhrú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine na gníomhaíochtaí a éilíonn an Rúis ar a comhghuaillithe, agus ar an gcaoi sin leanúint de bheith ina bagairt thromchúiseach ar an bPolainn, ar na Stáit Bhaltacha, ar chomhthíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus ar an Eoraip ar fad;

AJ. de bhrí go bhfuil AE, ECAT agus a mBallstáit ag moladh réiteach taidhleoireachta síochánta a d'fhágfadh go gcuirfeadh an Rúis deireadh láithreach leis na gníomhaíochtaí míleata uile san Úcráin agus go dtarraingeofaí siar gan choinníoll gach fórsa agus trealamh míleata ó chríoch iomlán na hÚcráine a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus go bhfuil na Ballstáit ag obair chun athléimneacht agus cumas na hÚcráine í féin a chosaint a fheabhsú;de bhrí go ndearna an Rúis neamhaird d'aon turas agus d'aon ghnó ar an Aontas Eorpach san idirphlé agus sna caibidlíochtaí maidir leis an staid san Úcráin, agus slándáil AE i mbaol; de bhrí nach féidir aon phlé a dhéanamh ar shlándáil na hEorpa gan tíortha Eorpacha;de bhrí gurb í ESCE an t-aon eagraíocht Eorpach a thugann le chéile gach tír Eorpach, lena n-áirítear an Rúis, an Áise Láir agus na comhpháirtithe trasatlantacha;de bhrí go bhfuil ESCE fós ina chreat oiriúnach chun plé a dhéanamh ar conas struchtúr coiteann slándála na hEorpa a neartú ar mhaithe le cách;de bhrí go bhfuil iarrachtaí suntasacha á ndéanamh chun dianchomhar a chothú idir AE, a Bhallstáit agus na Stáit Aontaithe agus i measc na mBallstát féin maidir le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; de bhrí gur theip ar dhianchainteanna déthaobhacha maidir le cogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine dul chun cinn de chineál ar bith a bhaint amach i dtreo réiteach inbhuanaithe ar an ngéarchéim seo;

AK. de bhrí gur tháinig an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha,

lena n-áirítear na hairí gnóthaí eachtracha agus na hairí cosanta araon, le chéile roinnt uaireanta chun cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a phlé agus chun cinneadh a dhéanamh maidir le straitéis AE chun déileáil leis; de bhrí gur chuir an AE in aghaidh ionsaí míleata Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine le smachtbhannaí méadaitheacha; de bhrí go ndearna Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus Leas-Uachtarán um Eoraip níos láidre sa Domhan/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála malartuithe tuairimí maidir le struchtúr slándála na hEorpa i bhfianaise chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine; de bhrí gur eagraigh Coiste na Parlaiminte um Ghnóthaí Eachtracha agus an Fochoiste um Shlándáil agus um Chosaint misean ad hoc chun na hÚcráine idir an 30 Eanáir agus an 2 Feabhra 2022;

AL. de bhrí go bhfuil ESCE fós ina chreat oiriúnach chun plé a dhéanamh ar conas struchtúr coiteann slándála na hEorpa a neartú ar mhaithe le cách;

AM. de bhrí, mar fhreagairt dhíreach ar ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine, go bhfuil feabhas ollmhór curtha ag Ballstáit AE, go háirithe an Ghearmáin, ar a mbuiséid chosanta;

AN. de bhrí go bhfuil go leor Ballstát ag cur cúnamh míleata déthaobhach ar fáil don Úcráin chun cabhrú le fórsaí armtha na hÚcráine ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine a chosaint;

AO. de bhrí gur chinn roinnt Ballstát AE freagairt go dearfach d’iarrataí na hÚcráine ar threalamh míleata; de bhrí go bhfuil roinnt Ballstát AE, ag tosú leis na Stáit Bhaltacha agus leis an bPolainn, tar éis airm a sheoladh chuig an Úcráin chun cabhrú le fórsaí armtha na hÚcráine le harmra sofaisticiúil chun cur i gcoinne fhórsaí ionraidh na Rúise; de bhrí gurb í an bhriogáid idir an Liotuáin agus an Pholainn agus an Úcráin an chéad struchtúr agus an struchtúr is mó le haghaidh oiliúna agus ainlithe idir fórsaí armtha na hEorpa agus na hÚcráine;

AP. de bhrí gur ghlac AE dhá bheart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána a rannchuideoidh le cumais agus athléimneacht fhórsaí armtha na hÚcráine a neartú agus leis an bpobal sibhialtach a chosaint ar an ionsaí míleata leanúnach;de bhrí go maoineoidh na bearta cúnaimh, ar fiú EUR 1.5 billiún san iomlán iad, soláthar trealaimh agus soláthairtí d’fhórsaí armtha na hÚcráine, lena n-áirítear trealamh marfach den chéad uair;

AQ. de bhrí gur fhógair an Chomhairle, i mí na Samhna 2021, pacáiste 14 thionscadal nua PESCO don tslándáil talún, don tslándáil mhuirí, don tslándáil aeir, don chibearshlándáil agus don tslándáil spáis;de bhrí gur fhógair Foireann Mearfhreagartha Cibirtheagmhas, arna maoiniú ag PESCO, go ndéanfaí saineolaithe cibearshlándála a imscaradh chun cabhrú leis an gcomhrac i gcoinne cibirionsaithe na Rúise i gcoinne eintitis na hÚcráine an 22 Feabhra 2022;

AR. de bhrí nach mór, leis an gCompás Straitéiseach nuaghlactha, an uaillmhian pholaitiúil agus straitéiseach, na cumais agus na hacmhainní is gá chun athrú dearfach a ghiniúint a chur ar fáil do CBSC, go háirithe ar fud a chomharsanachta straitéisí;de bhrí go bhfuil toil pholaitiúil i measc Bhallstáit AE ríthábhachtach chun an Compás Straitéiseach a chur chun feidhme; de bhrí gurb é is aidhm don Chompás Straitéiseach tionchar dearfach a sholáthar maidir le luas agus stóinseacht na freagartha coitinne ar dhúshláin

gheopholaitiúla agus dhomhanda, agus tús áite á thabhairt d'fhíorchosaint Eorpach i gcoinne timpeallacht de bhagairtí atá ag teacht chun cinn;

AS. de bhrí gur ghlac an Coimisiún pacáiste nua cúnaimh macra-airgeadais éigeandála EUR 1.2 billiún don Úcráin chun cabhrú leis an tír aghaidh a thabhairt ar na dúshláin eacnamaíocha agus gheopholaitiúla atá ann faoi láthair agus chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais airgeadais mar gheall ar ghníomhaíochtaí ionsaitheacha na Rúise;de bhrí go leithdháilfidh an Coimisiún EUR 120 milliún breise ar an Úcráin freisin, rud a mhéadóidh go suntasach a chúnamh déthaobhach don tír i ndeontais i mbliana; de bhrí go leanfaidh AE d'infheistíocht a dhéanamh i dtodhchaí na hÚcráine tríd an bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta, a bhfuil sé mar aidhm aige suas le EUR 6.5 billiún d'infheistíochtaí a ghiaráil sna blianta beaga amach romhainn;

AT. de bhrí gur ghlac AE agus a chomhghuaillithe pacáistí smachtbhannaí agus bearta fadréimseacha agus gan fasach mar fhreagairt ar ghníomhartha ionsaithe na Rúise ar shláine críche na hÚcráine, rochtain na Rúise ar mhargaí caipitil an iarthair a laghdú, sócmhainní a chalcadh agus idirbhearta ar thrí bhanc Rúiseacha a thoirmeasc, chomh maith le bainc thábhachtacha a eisiamh ó chóras SWIFT;

AU. de bhrí go bhfágann smachtbhannaí in earnáil an fhuinnimh go bhfuil sé níos deacra agus níos costasaí don Rúis a scaglanna ola a uasghrádú;de bhrí gur chuir AE toirmeasc ar aerárthaí agus trealamh gaolmhar a onnmhairiú, a dhíol nó a sholáthar d'aerlínte na Rúise, chomh maith leis na seirbhísí deisiúcháin, cothabhála nó airgeadais gaolmhara uile;de bhrí gur dhún an tIarthar an t-aerspás d'aerárthaí uile na Rúise, atá cláraithe sa Rúis nó faoi rialú na Rúise;de bhrí nach mbeidh na haerárthaí sin in ann tuirlingt i gcríoch AE agus a chomhghuaillithe, ná éirí de thalamh iontu ná eitilt os a gcionn;de bhrí go bhfuil an tIarthar ag leathnú raon feidhme na rialuithe onnmhairiúcháin ar earraí dé-úsáide chun rochtain na Rúise ar theicneolaíocht ríthábhachtach a theorannú, amhail leathsheoltóirí nó bogearraí ceannródaíocha;de bhrí go bhfuil toirmeasc curtha ag AE ar rochtain do thaidhleoirí Rúiseacha agus do ghrúpaí gaolmhara agus do lucht gnó chomh maith le heagraíochtaí meán na Rúise atá faoi úinéireacht stáit, Russia Today agus Sputnik, chomh maith lena bhfochuideachtaí;de bhrí go n-áirítear i gcúigiú pacáiste smachtbhannaí AE 217 duine aonair breise agus 18 n-eintiteas agus go gcuirtear trádbhac ar ghual leis an liosta smachtbhannaí;

AV. de bhrí gurb ionann na smachtbhannaí a fhorchuirtear ar an Rúis agus ar an mBealarúis agus léiriú gan fasach d'aontacht ó Bhallstáit AE agus go ndearna siad damáiste suntasach eacnamaíoch do phríomhcholúin gheilleagair na Rúise agus na Bealarúise, rud a d'fhág go dtí seo gur thit an rúbal go sealadach, go raibh riosca méadaithe ann go dtarlódh mainneachtain bannaí, gur dúnadh stocmhalartán Mhoscó go sealadach, go ndearnadh ciorruithe ollmhóra ar thrádáil ola na Rúise, agus go raibh an Rúis eisiata ó raon leathan eagraíochtaí idirnáisiúnta;

AW. de bhrí go bhfuil fíordhamáiste á dhéanamh ag na smachtbhannaí i gcoinne na Rúise agus go bhféadfadh siad cúlú eacnamaíoch a spreagadh;de bhrí go bhfuil an rúbal tar éis titim go sealadach, go bhfuil riosca mainneachtana bannaí tar éis ardú go tobann, gur dúnadh stocmhalartán Mhoscó agus go bhfuil trádáil ola na Rúise ar lascainí níos doimhne ná riamh;

AX. de bhrí go ndearna an Úcráin iarratas foirmiúil ar bhallraíocht AE an 28 Feabhra 2022, agus go ndearna Poblacht na Moldóive agus an tSeoirsia iarratais ar bhallraíocht AE go tapa ina dhiaidh sin an 3 Márta 2022;

AY. de bhrí, i bhfianaise ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine, go bhfuil ar na Ballstáit dul i ngleic le líon, nach bhfacthas a leithéid riamh, de dhaoine easáitithe de réir mar a theitheann muintir na hÚcráine ar mhaithe lena sábháilteacht;de bhrí go bhfuil Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe ag súil go mbeidh idir 6 mhilliún agus 8 milliún dídeanaí ann;de bhrí gur theith formhór na ndídeanaithe chuig Ballstáit chomharsanachta AE, go háirithe an Pholainn, an Rómáin, an Ungáir agus an tSlóvaic, chomh maith le comharsan na hÚcráine atá leochaileach cheana féin, Poblacht na Moldóive, as a n-eascraíonn brú ollmhór chun athlonnú agus cúnamh a chur ar fáil;de bhrí gur chuir an Coimisiún Sásra AE um Chosaint Shibhialta i ngníomh chun tacú leis an Úcráin agus le tíortha teorann;de bhrí gur ghlac sí togra reachtach dar teideal 'Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE)'; de bhrí gur chuir sé mórionstraimí airgeadais ar aghaidh, lena n-áirítear EUR 500 milliún ó bhuiséad AE, an síneadh atá beartaithe a chur leis an tréimhse cur chun feidhme don airgead atá ar fáil do na Ballstáit faoi chistí gnóthaí baile 2014-2020, agus úsáid na gcistí gnóthaí baile do 2021-2027;

AZ. de bhrí, go gairid tar éis thús ionradh na Rúise, gur chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach d'aon ghuth an Treoir um Chosaint Shealadach[34] a ghníomhachtú den chéad uair, a dheonaigh stádas cosanta láithreach chomh maith le rochtain ar shláinte, oideachas, saothar agus cónaí AE do shaoránaigh uile na hÚcráine, do dhídeanaithe agus do chónaitheoirí fadtéarmacha atá ag teitheadh ón Úcráin;

BA. de bhrí gur forbairt chriticiúil é an Tionscnamh Three Seas Initiative (3SI), ina bhfuil 12 thír ar thaobh thoir agus theas AE agus thart ar 112 milliún saoránach atá ag obair le chéile chun bonneagar, fuinneamh, iompar agus líonraí digiteacha a fhorbairt, agus ar féidir a leathnú chun tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a áireamh mar iarracht chun naisc le AE a neartú tuilleadh;

BB. de bhrí go dtacaíonn Parlaimint na hEorpa go láidir leis an International Crimea Platform [Ardán idirnáisiúnta na Crimé], a sheol an Úcráin, Ballstáit AE agus comhpháirtithe idirnáisiúnta eile i mí Lúnasa 2021 i gCív chun tionscnamh ó Uachtarán na hÚcráine a fhorbairt;de bhrí gur formáid thábhachtach é an t-ardán le haghaidh comhairliúcháin agus comhordaithe atá dírithe ar éifeachtacht na freagartha idirnáisiúnta ar fhorghabháil neamhdhleathach leanúnach na Crimé a mhéadú, lena n-athdhearbhaítear neamhaitheantas a ionghabhála agus dí-áitiú na Crimé agus a filleadh síochánta faoi rialú na hÚcráine a bhaint amach; de bhrí go bhfuil an t-ardán ag freagairt do chogadh foghach na Rúise trí bhrú idirnáisiúnta ar an gCreimil a mhéadú, tuilleadh sáruithe ar chearta a chosc agus íospartaigh an réimis forghabhála a chosaint;

BC. de bhrí go bhfuil an Rúis ag leanúint ar aghaidh go neamhdhleathach ag cur iallach ar shaoránaigh na hÚcráine, ar chríocha oblasts Donetsk agus Luhansk na hÚcráine atá

[34] Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta le cosaint shealadach a thabhairt i gcás mórphlódú isteach de dhaoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht chun cinn idir iarrachtaí idir Bhallstáit i dtaca leis na daoine sin a ghlacadh agus le hiarmhairtí an ghlactha sin a iompar, IO L 212, 7.8.2001, lch. 12.

faoi fhorghabháil shealadach, iarratas a dhéanamh ar phasanna;

BD. de bhrí gur dhréachtaigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe téacs an 26 Feabhra 2022 inar cáineadh ionradh na Rúise ar an Úcráin, a ndearna an Rúis a chros agus ar staon an tSín agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha uaidh;

BE. de bhrí, an 2 Márta 2022, gur ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe rún neamhcheangailteach inar éilíodh go gcuirfí stop láithreach le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; de bhrí gur ritheadh an vóta le tromlach ollmhór 140 tír i bhfabhar, le 5 vóta i gcoinne agus 38 staonadh;

BF. de bhrí, an 16 Márta 2022, gur luaigh Karim Khan, Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, ar fhilleadh dó ó chuairt ar an Úcráin, ‘if attacks are intentionally directed against the civilian population:

that is a crime that my office may investigate and prosecute’ [má dhírítear ionsaithe ar an bpobal sibhialta d’aon ghnó:is coir é sin a d’fhéadfadh m’oifig a imscrúdú agus a ionchúiseamh];

BG. de bhrí gur vótáil Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, an 7 Aibreán 2022, an Rúis a chur ar fionraí ó Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine;

BH. de bhrí, mar fhreagairt ar ionradh gan chúis agus gan údar na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, go ndearna ECAT na mílte fórsaí cosanta talún, aeir agus muirí breise a imscaradh in oirthear na Comhghuaillíochta;de bhrí go bhfuil an Chomhghuaillíocht tar éis NATO Response Force [Fórsa Freagartha ECAT] a ghníomhachtú;

BI. de bhrí go bhfuil ECAT ag cuidiú le hiarrataí na hÚcráine ar chúnamh a chomhordú agus go bhfuil sé ag tacú lena comhghuaillithe féin maidir le cabhair dhaonnúil agus neamh-mharfach a sheachadadh;

BJ. de bhrí go bhfuil a Bheartas maidir le hIontráil Oscailte athdheimhnithe ag ECAT; de bhrí go bhfuil comhghuaillithe ECAT ag cur fórsaí ar fuireachas agus ag seoladh longa breise agus scairdeitleáin trodaithe chuig imscaradh ECAT in Oirthear na hEorpa, rud a threisíonn díspreagadh agus cosaint na gcomhghuaillithe;

BK. de bhrí gur tháinig roinnt aerárthaí gan foireann de chuid na Rúise isteach in aerspás roinnt comhaltaí de ECAT sular thit siad ar a gcríocha, i sáruithe soiléire ar aerspás bhalltíortha ECAT;

BL. de bhrí gur fhógair Uachtarán Zelenskyy na hÚcráine an 8 Márta 2022 nach saothróidh sé aontachas ECAT a thuilleadh agus go bhfuil an Úcráin toilteanach comhréiteach a dhéanamh maidir le stádas réigiúin scartha Luhansk agus Donetsk na hÚcráine atá faoi smacht na Rúise;

BM. de bhrí gur cheart go mbeadh AE ag freagairt do bhagairtí na Creimile ní hamháin le bearta crua slándála amhail airm a sheachadadh don Úcráin chun cabhrú léi í féin a chosaint, ach freisin trí úsáid a bhaint as cumhacht bhog ionstraimí Eorpacha amhail stádas mar iarrthóir aontachais a dheonú;

BN. de bhrí nach mór do CBSC a bheith bunaithe ar chomhordú agus ar chomhar níos dlúithe fós le seasamh cosanta agus díspreagtha ECAT agus leis an mBeartas Iontráil Oscailte, agus lánurraim á tabhairt do shocruithe slándála Bhallstáit AE, chomh maith leis an ngá atá le dlúthchomhar idir AE agus ECAT chun comhleanúnachas a áirithiú idir Compás Straitéiseach AE agus an chéad Choincheap Straitéiseach eile de chuid ECAT;de bhrí go bhfuil toilmhianta ag roinnt de thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a bheith rannpháirteach in ECAT;

BO. de bhrí, idir 2014 agus tús an chogaidh, go bhfuil os cionn USD 2.9 billiún de chúnamh slándála curtha ar fáil ag na Stáit Aontaithe don Úcráin, le leithdháileadh bliantúil USD 393 milliún ó 2021 i leith, rud a fhágann gurb í an Úcráin an faighteoir aonair is mó de chúnamh míleata eachtrach san Eoraip, agus go gcuireann na Stáit Aontaithe oiliúint ar cheithre bhriogáid de chuid fhórsaí armtha na hÚcráine gach bliain; de bhrí gur chuir na Stáit Aontaithe trealamh marfach ar fáil don Úcráin agus gur fhógair siad, le déanaí, pacáiste cúnaimh USD 800 milliún lena n-áirítear airm throma, airtléire, dróin agus armlón, rud a fhágann gur mó ná USD 4 bhilliún méid iomlán chúnamh slándála na Stát Aontaithe don Úcráin agus go bhfuil an méid sin ag ardú ó thús an chogaidh;

BP. de bhrí, an 27 Eanáir 2022, gur shínigh Parlaimint na Ríochta Aontaithe agus Verkhovna Rada na hÚcráine socrú soláthair mhíleata chun tionscadail infheistíochta a chur ar fáil don Úcráin idir 2022 agus 2023;de bhrí gur fiú GBP 1.7 billiún san iomlán an socrú míleata agus go bhfuil sé mar aidhm leis cumais chabhlaigh na hÚcráine a leathnú;

BQ. de bhrí, ón 9 Feabhra 2022, gur shroich cúnamh éigeandála na Ríochta Aontaithe don Úcráin GBP 400 milliún anois, agus de bhrí go bhfuil míle trúpaí curtha ar fuireachas ag an Ríocht Aontaithe lena n-imscaradh chuig Oirthear na hEorpa chun slándáil a sholáthar do dhídeanaithe ón Úcráin;

BR. de bhrí gur chuir an Ríocht Aontaithe oiliúint fothaithe acmhainneachta agus neamh-mharfach ar fáil do níos mó ná 20 000 pearsanra d'fhórsaí armtha na hÚcráine agus gur sholáthair sí córais chosanta;de bhrí gur chuir an Ríocht Aontaithe trealamh arm marfach ar fáil don Úcráin freisin;

BS. de bhrí gur sheol Ceanada Oibríocht UNIFIER, an Clár Oiliúna Míleata agus Comhair, agus an Tionscadal Cúnaimh Oiliúna Póilíneachta, a chuireann oiliúint i dteannta a chéile ar bhreis agus 30 000 comhalta d'fhórsaí slándála agus seirbhísí póilíneachta na hÚcráine agus a sholáthraíonn trealamh oirbheartaíochta agus airm;de bhrí, idir mí Eanáir agus mí Aibreáin 2022, gur gheall Ceanada os cionn CAD 118 milliún i dtrealamh míleata chun tacú leis an Úcráin agus chun cúnamh míleata breise CAD 500 milliún a leithdháileadh don Úcráin don bhliain fhioscach 2022-2023;

BT. de bhrí gur dheonaigh an Iorua armra fritancanna agus córais aerchosanta mar aon le pacáiste cuimsitheach de chabhair mhíleata neamh-mharfach amhail veisteanna piléardhíonacha, clogaid, ciondálacha allamuigh agus soláthairtí riachtanacha eile, agus os cionn EUR 40 milliún leithdháilte ag an am céanna chun tacú leis an Úcráin;

BU. de bhrí gur chuir an tSeapáin cabhair mhíleata neamh-mharfach ar fáil lena n-áirítear veisteanna piléardhíonacha, clogaid, gineadóirí cumhachta agus bia, chomh maith le hiasacht USD 100 milliún don Úcráin;

BV. de bhrí gurb é an Defence Reform Advisory Board [Bord Comhairleach um Athchóiriú Cosanta], ar a bhfuil saineolaithe ardleibhéil ó na Stáit Aontaithe, ón Ríocht Aontaithe, ó Cheanada, ón bPolainn, ón nGearmáin agus ón Liotuáin, an comhlacht comhairleach idirnáisiúnta is airde san Úcráin;

BW. de bhrí go bhfuil ról na Síne ag éirí níos gníomhaí in iomaíocht sa réigiún maidir le tionchar polaitiúil, sóisialta agus eacnamaíoch ag fás i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, áit a gcomhcheanglaíonn infheistíocht na Síne, lena n-áirítear tríd an Belt and Road Initiative [Tionscnamh Criosanna agus Bóithre], iasachtaí saora a spreagann cóimheasa fiachais-OTI agus gur mainneachtain i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir an toradh a thuartar, as a n-eascraíonn cúiteamh ionsaitheach, go minic i bhfoirm úinéireachta ar bhonneagar straitéiseach agus ailíniú beartais;

BX. de bhrí go bhfuil tionchar tríú tíortha, go háirithe an Iaráin, i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir dírithe den chuid is mó ar Chugas Theas, áit a bhfuil tionchar seanbhunaithe cultúrtha, reiligiúnach, polaitiúil agus eacnamaíoch na hIaráine ag fás, rud a d’fhéadfadh an bonn a bhaint de shlándáil agus de chobhsaíocht roinnt tíortha de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir mar gheall ar iarrachtaí feallmharaithe a bhaineann le hoibrithe Chór Gharda Réabhlóideach Ioslamach na hIaráine sa tSeoirsia agus san Asarbaiseáin, rud a chruthaíonn tuilleadh imní d’iarrachtaí AE slándáil, cobhsaíocht agus dea-chomharsanacht a chur chun cinn i measc thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir;

BY. de bhrí go ndearnadh athrú bunúsach ar stádas polaitiúil, straitéiseach agus oibríochtúil an Chugas Theas mar thoradh ar an gcoimhlint 44 lá a spreag an Asarbaiseáin, go raibh na mílte taismeach, na mílte duine easáitithe agus go raibh an Rúis tar éis tuairim is 2 000 trúpaí síochánaíochta, mar a thugtar orthu, a imscaradh chuig conair Lachin agus go Nagorno-Karabakh, agus timpeall air, mar chuid de chomhaontú sos cogaidh an 10 Samhain 2020; de bhrí go bhfuil scirmisí idir an Asarbaiseáin agus an Airméin fós ar siúl agus nár socraíodh coinbhleacht Nagorno-Karabakh;de bhrí nach mbeidh an Rúis in ann coinbhleacht a rugadh sa spás iar-Shóivéadach a shocrú ina haonar; de bhrí gur chuir easpa fadbhreathnaitheachta straitéisí agus tionscnaimh taidhleoireachta AE ar chumas na Rúise, na Tuirce, na hIaráine agus gníomhaithe eile a dtionchar ar Chugas Theas a neartú;

BZ. de bhrí go ndearnadh damáiste don phríomhphíblíne chun gás a sholáthar do Nagorno-Karabakh agus gur fhág sí an chríoch atá faoi dhíospóid gan rochtain ar sholáthairtí fuinnimh an 8 Márta 2022 mar thoradh ar rannpháirtíocht mhíleata leanúnach idir fórsaí na hAirméine agus fórsaí na hAsarbaiseáine sa Nagarna-Karabakh;

CA. de bhrí, ag tús mhí Eanáir 2022, go ndearna fórsaí CSTO (a bhí faoi cheannas mhíleata na Rúise agus lena n-áirítear trúpaí ón mBealarúis agus ón Airméin, i measc trúpaí eile) idirghabháil sa Chasacstáin, arna iarraidh sin ag rialtas na tíre, chun cuidiú le corraíl shibhialta a bhrú síos chun a áirithiú go leanfar den chóras rialaithe atá ann faoi láthair agus chun an eagraíocht a úsáid chun tacú lena leasanna;

CB. de bhrí go bhfuil Cónaidhm na Rúise ag leanúint dá láithreacht mhíleata neamhdhleathach i gcríocha na hAbcáise agus na hOiséite Theas, atá faoi fhorghabháil ag an tSeoirsia, a threisiú tuilleadh, a neartú míleata agus a freachnaimh mhíleata a

threisiú, iallach a chur ar dhaoine iarratas a dhéanamh ar phasanna agus 'teorainniú' a mhéadú trí fálta sreinge deilgneacha agus bacainní eile a shuiteáil feadh Líne Teorann Riarthach, an staid slándála ar an talamh a dhíchobhsú go tromchúiseach agus slí bheatha an phobail sna limistéir ina bhfuil coinbhleacht a chur i mbaol;

CC. de bhrí go bhfuil rath aon mhisin CBSC ag brath ar stóinseacht a shainordaithe agus ar leibhéal thoil pholaitiúil agus chomhtháthú Bhallstáit AE agus na dtíortha comhpháirtíochta, agus ar thoilteanas na mBallstát a gcuid saineolais, sócmhainní, pearsanra agus acmhainní a infheistiú;

CD. de bhrí go mbeidh ar Chumas Sibhialtach Pleanála agus Seolta (CPCC) AE machnamh a dhéanamh ar conas misin atá imscartha faoi stiúir AE agus pearsanra sibhialta AE a chosaint ar bhagairtí méadaitheacha den sórt sin;

CE. de bhrí, má tá misin CBSC chun a gcuspóirí misin a bhaint amach, gur cheart go n-áireofaí ina sainordú cúraimí comhairleacha agus oiliúna chun déileáil leis na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus suaiteach atá ag dul isteach go tapa sa timpeallacht 'coinbhleacht chalctha';de bhrí nach mór misin CBSC i dtíortha comhlachaithe Chomhpháirtíocht an Oirthir a bheith i bhfeidhm chomh fada agus a mheasann tíortha is faighteoirí agus na Ballstáit iad a bheith riachtanach chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí misin;

CF. de bhrí go bhfuil roghanna á bplé faoi láthair ag an gComhairle chun láithreacht CBSC san Úcráin a mhéadú;

CG. de bhrí gur misean sibhialta é Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM) a seoladh in 2014, arna iarraidh sin ag Rialtas na hÚcráine, chun go dtacódh AE le hathchóiriú institiúidí forfheidhmithe dlí agus smachta reachta, agus ar an gcaoi sin muinín a athbhunú le saoránaigh na hÚcráine tar éis na n-imeachtaí foréigneacha a bhain le réabhlóid na hÚcráine;

CH. de bhrí go bhfuil cúig réimse tosaíochta sainaitheanta ag EUAM, lena n-áirítear slándáil náisiúnta agus stáit, coireacht eagraithe agus trasteorann, ceartas coiriúil, sábháilteacht an phobail agus bainistiú póilíneachta, agus claochlú digiteach agus nuálaíocht, chun tacú le hathchóiriú earnáil na slándála sibhialtaí san Úcráin ag a bhfuil buiséad bliantúil EUR 29.5 milliún agus foireann údaraithe de 371, lena n-áirítear náisiúnaigh na hÚcráine agus pearsanra ó thíortha eile nach tíortha den Aontas Eorpach iad, agus sainordú le hathnuachan in 2024;

CI. de bhrí go gcumhdaíonn EUAM trí réimse oibríochta: comhairle straitéiseach a thabhairt chun doiciméid straitéiseacha agus reachtaíocht a fhorbairt; tacú le hathchóirithe a chur chun feidhme le comhairle phraiticiúil, le hoiliúint agus le trealamh; agus comhar agus comhordú a chur chun cinn chun comhleanúnachas agus iarrachtaí athchóirithe a áirithiú idir an Úcráin agus gníomhaithe idirnáisiúnta;

CJ. de bhrí go bhfuil EUAM i mbun a ghníomhaíochtaí i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Slándála Náisiúnta agus le Seirbhís Faisnéise Eachtraí na hÚcráine;de bhrí go n-oibríonn EUAM le córas cúirte na hÚcráine trína hionchúisitheoirí chun neamhspleáchas agus éifeachtúlacht an ionchúisimh a áirithiú;de bhrí go ndéanann

EUAM fórsaí póilíneachta na hÚcráine a oiliúint agus a threalmhú trína oifigí réigiúnacha allamuigh agus trí chomhoibriú le cúigí comharsanachta; de bhrí go ndíríonn EUAM a thionscnaimh oiliúna póilíneachta trí chomhairle straitéiseach a sholáthar agus trí 'Idirphlé Sábháilteachta Comhphobail' agus go gcuireann sé oiliúint ar phóilíní áitiúla i bpríomhréimsí;

CK. de bhrí go gcomhoibríonn EUAM le Measúnú Europol ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe (SOCTA) chun cúnamh a thabhairt d'údaráis na hÚcráine i mbearta forbartha acmhainní agus i mbainistiú comhtháite teorainneacha;

CL. de bhrí go bhfuil obair EUAM maidir le cúnamh a thabhairt don athchóiriú ar Sheirbhís Slándála na hÚcráine (SSU) fós mar thosaíocht agus nach mór dó a thacaíocht a dhíriú ar chur chun feidhme an athchóirithe chun a áirithiú go ndéanfaidh SSU deireadh a chur le cumhachtaí imscrúdaitheacha réamhthrialach de réir a chéile, go ndéanann sé an tseirbhís a dhímhíleatú, go bhfuil deighilt shoiléir inniúlachtaí aige le gníomhaireachtaí slándála eile, go bhfuil maoirseacht éifeachtach á déanamh aige, agus go laghdófar é;de bhrí, má chuirtear chun feidhme i gceart é, go sonraítear i mBille 3196 go ndíríonn SSU a iarrachtaí ar fhrithfhaisnéis, ar ghníomhú in aghaidh bagairtí ar shlándáil an stáit, ar fhrithsceimhlitheoireacht, ar chibearshlándáil, ar chosaint stáit náisiúnta agus ar iomláine chríochach, agus ar chosaint rúin stáit;de bhrí go n-iarrtar, leis na hathchóirithe is gá chun forbairt dhaonlathach a áirithiú, go ndéanfaidh an SSU an méid seo a leanas:deighilt shoiléir feidhmeanna, baint ón imscrúdú ar choireanna eacnamaíocha agus éillithe (ach amháin i gcásanna eisceachtúla nuair a údaraíonn an tArd-Aighne iad), neamhspleáchas polaitiúil, dímhíleatú agus barrfheabhsú breise, níos mó trédhearcachta agus cuntasachta, agus béim bhreise ar bhonneagar criticiúil a chosaint;

CM. de bhrí gur príomhiarracht athchóirithe é cúnamh EUAM maidir leis an mBiúró um Shlándáil Eacnamaíoch (BES) a bhunú, lena ndírítear ar choireacht airgeadais ar fud na hÚcráine;de bhrí go bhfuil roghnú trédhearcach pearsanra BES agus díscaoileadh na Seirbhíse Fioscach Stáit ríthábhachtach chun tionchar olagarcach ar gheilleagar na hÚcráine a laghdú de réir a chéile;de bhrí go bhfuil BES chun cumhachtaí imscrúdaitheacha réamhthrialach a fháil mar oidhreacht ó SSU i réimse na slándála eacnamaíche agus nach mór dó tacú le hiarrachtaí na hÚcráine seasamh in aghaidh brú ó institiúidí forfheidhmithe dlí;

CN. de bhrí gur bhunaigh EUAM a cheathrú hoifig allamuigh in Mariupol in 2020 chun tacú le cur chun feidhme athchóirithe atá faoi stiúir lárnach ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil amhail oiliúint agus comhairle na n-údarás áitiúil um fhorfheidhmiú an dlí, lena léirítear ról méadaitheach EUAM maidir le hathléimneacht na hÚcráine a neartú ar fud na tíre agus mian na hÚcráine a ailíniú le cuspóirí CBSC;de bhrí gur aslonnaíodh an oifig allamuigh in Mariupol agus gur scriosadh ansin í mar thoradh ar ionsaí míleata na Rúise;

CO. de bhrí, mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, go raibh ar an bpearsanra idirnáisiúnta ar fad aslonnú as an tír go sábháilte; de bhrí go leanann an Misean de bheith i dteagmháil le contrapháirtithe ón Úcráin agus go bhfanann sé ar fuireachas ar feitheamh tuilleadh treoracha ó cheanncheathrú AE;

CP. de bhrí, mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, gur aslonnaíodh pearsanra uile Bhallstáit CBSC EUAM an Úcráin;

CQ. de bhrí gur misean sibhialtach é Misean Cúnaimh Teorann AE chuig Poblacht na Moldóive agus chuig an Úcráin (EUBAM) a seoladh in 2005; de bhrí gur misean sibhialtach é Misean Cúnaimh Teorann AE chuig Poblacht na Moldóive agus chuig an Úcráin (EUBAM) a seoladh in 2005;

de bhrí go bhfuil sainordú neamhfheidhmiúcháin aige chun feabhas a chur ar acmhainneachtaí bainistithe teorann gardaí teorann, údarás custaim agus fhorfheidhmiú an dlí san Úcráin agus i bPoblacht na Moldóive le buiséad bliantúil EUR 12 mhilliún agus foireann de níos mó ná 200 pearsanra, agus sainordú le hathnuachan i mí na Samhna 2023;

CR. de bhrí go gcuidíonn EUBAM le Poblacht na Moldóive agus leis an Úcráin oibleagáidí Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála (LDCST) a chomhlíonadh, mar chuid dá gComhaontuithe Comhlachais le AE, agus go bhfuil sé ceaptha chun cumais teorann agus chustaim na Moldóive agus na hÚcráine a neartú;de bhrí go bhfuil sé de chúram air:calaois chustaim, smuigleáil drugaí, imirce neamhrialta agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac; tacú le héascú trádála agus le bainistiú comhtháite teorainneacha; agus cabhrú le réiteach síochánta a fháil ar an gcoinbhleacht Tras-dnístria tríd an bpróiseas ‘5+ 2’;

CS. de bhrí go bhfuil an smuigleáil tobac, lena n-áirítear táirgí góchumtha, ina cúis le caillteanas measta EUR 10 mbilliún in aghaidh na bliana do bhuiséid stáit Phoblacht na Moldóive, na hÚcráine agus na mBallstát;de bhrí, ó 2020-2021, gur chuir EUBAM bac ar oibríochtaí smuigleála iomadúla, agus go ndearna sé méideanna ollmhóra d’armlón, tobac, alcól, eatánól agus hearóin a urghabháil;

CT. de bhrí go bhfuil EUBAM ag cabhrú le seirbhísí teorann Phoblacht na Moldóive agus na hÚcráine chun táscairí coiteanna ginearálta a fhorbairt a úsáidtear chun íospartaigh na gáinneála a shainaithint;

CU. de bhrí go bhféachann Tascfhórsa Drugaí EUBAM le seirbhísí comhpháirtíochta an Mhisin a thabhairt isteach le húdaráis forfheidhmithe drugaí eile sa réigiún; de bhrí go gcomhoibríonn EUBAM le heagraíochtaí idirnáisiúnta iomadúla, lena n-áirítear Europol, FRONTEX agus ESCE trína Mheitheal Arm, Oibríochtaí Comhpháirteacha ORION II agus tionscnaimh ‘EU 4 Border Security’;

CV. de bhrí gur thacaigh EUBAM go comhsheasmhach le hathoscailt na gconairí iompair idirnáisiúnta a thrasnaíonn Tras-dnístria agus a fhorbraíonn agus a ghníomhaíonn mar thaca le bearta teicniúla chun muinín a chothú idir Chisinau agus Tiraspol maidir le saincheisteanna iompair, custaim, tréidliachta agus fíteashláintíochta, agus forfheidhmithe dlí;

CW. dde bhrí go ranncuidíonn EUBAM le réiteach síochánta na coinbhleachta Tras-dnístria trí bhearta cothaithe muiníne agus mar láithreacht faireacháin ag cuid Thras-dnístria de theorainn na Moldóive-na hÚcráine;

CX. de bhrí go gcoinníonn Cónaidhm na Rúise misean coimeádta na síochána, mar a thugtar

air, i dTras-dnístria de thuairim is 500 saighdiúir agus Grúpa Oibríochta Thrúpaí na Rúise (OGRT) de thuairim is 1 500 saighdiúir, go bhfeidhmíonn sí smacht ar ghrúpaí armtha scarúnaíocha Tras-dnístria agus go bhfuil os cionn 100 comhfhreachnamh míleata á n-óstáil aici in aghaidh na bliana le Transnistria;de bhrí gur cúis bhuartha di na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag scarúnaithe ó Tiraspol aitheantas a fháil ar neamhspleáchas Tras-dnístria an 4 Márta 2022;

CY. de bhrí, mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, go bhfuil sábháilteacht agus slándáil CBSC EUBAM an Mholdóiv go mór i mbaol agus go bhféadfadh a haslonnú ón tír a bheith mar thoradh air sin;

CZ. de bhrí gur misean sibhialtach é Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM) a seoladh in 2008, tar éis Six Point Agreement [Chomhaontú Sé Phointe] arna idirghabháil ag AE agus a chuir deireadh leis an gcogadh idir an tSeoirsia agus an Rúis; de bhrí gur léirigh EUMM, ina 13 bliana, tiomantas láidir polaitiúil AE sa réigiún trí rannchuidiú le muinín a chothú agus a normalú, agus trí chobhsaíocht a sholáthar ar an láthair i measc na bpáirtithe a bhfuil baint acu leis an gcoinbhleacht agus sa réigiún máguaird;

DA. de bhrí go ndéantar 325 chomhalta misean a óstáil in EUMM faoi láthair, lena n-áirítear os cionn 200 monatóir sibhialtach ag a bhfuil buiséad leithdháilte de EUR 44.8 milliún agus sainordú le hathnuachan i mí na Nollag 2022;

DB. de bhrí nach bhfuil aon athrú ar an sainordú bunaidh ó 2008 a mhéid a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Chomhaontú an tsosa cogaidh idir an tSeoirsia agus an Rúis, arna idirghabháil ag AE agus an 12 Lúnasa 2008, ina n-iarrtar an méid seo a leanas:gan dul ar iontaoibh úsáid an fhoréigin, deireadh a chur leis an gcogaíocht, rochtain a thabhairt ar chabhair dhaonnúil, fórsaí armtha na Seoirsia a thabhairt ar ais chuig a ngnáthcheathrúna, fórsaí armtha na Rúise a tharraingt siar chuig chuig seasaimh réamhchogaíochta agus tús a chur le plé idirnáisiúnta maidir le slándáil agus cobhsaíocht na hOiséite Theas agus na hAbcáise;

DC. de bhrí nach gcomhlíonann an Rúis Comhaontú Sos Cogaidh an 12 Lúnasa 2008 idir an tSeoirsia agus an Rúis, arna idirghabháil ag AE, mar go bhfuil a fórsaí armtha i láthair go neamhdhleathach aici, agus gníomhairí na Seirbhíse Cónaidhme Slándála (FSB) agus Gardaí Teorann Chónaidhm na Rúise i réigiúin scariúnaíocha na hAbcáise agus na hOiséit Theas;de bhrí nach gceadaítear leis sásraí slándála idirnáisiúnta a bhunú ar an láthair, rud a chuireann cosc ar EUMM dul isteach sna críocha atá faoi fhorghabháil ag an Rúis, bac ríthábhachtach ar chuspóirí an mhisin a bhaint amach; de bhrí go bhfuil sainordú EUMM bailí ar fud na Seoirsia go léir; de bhrí go bhfuil ar EUMM aghaidh a thabhairt ar theorainniú na Rúise, lena mbaineann línte teorann riaracháin a bhrú isteach i gcríoch na Seoirsia agus forghabháil chríochach na Seoirsia a leathnú tuilleadh;

DD. de bhrí go leanann sáruithe uafásacha ar Chomhaontú Sos Cogaidh an 12 Lúnasa 2008, arna idirghabháil ag AE, agus ar an sos comhraic a rinne Cónaidhm na Rúise, agus gur minic a thugtar orthu le freagairtí teoranta nó glaonna ar ghníomhaíocht ó na Ballstáit, nó gan aon fhreagairt ar bith, rud a d’fhéadfadh uchtach a thabhairt do Chónaidhm na Rúise tuilleadh gníomhaíochtaí den sórt sin a dhéanamh;de bhrí go ndearnadh gabhálacha neamhdhleathacha trasna na Línte Teorann Riaracháin agus gníomhaíochtaí

neamhdhleathacha 'teorannaithe';

DE. de bhrí nach misean sibhialtach tipiciúil é EUMM mar gheall ar a shainordú agus a fhócas ar ghníomhaíochtaí faireacháin, ar fhorbairt inniúlachtaí sibhialtacha agus ar an bhfíoras go stiúrann sé gníomhaíochtaí cothú muiníne trí dheontais bheaga agus trí thionscadail spriocdhírithe idir an dá thaobh; de bhrí go gceadaíonn an sainordú dó díriú ar bhagairtí hibrideacha, ar chearta an duine, ar mhionlaigh agus ar ghnéithe comhshaoil na slándála; de bhrí gur chruthaigh EUMM Coiste Comhairleach um Chogaíocht Hibrideach agus go bhfuil teagmháil rialta aige le hOifig Idirchaidrimh ECAT agus leis an bhfoireann a chuireann Pacáiste Substaintiúil ECAT-na Seoirsia chun feidhme;

DF. de bhrí go n-éascaíonn EUMM cruinnithe den sásra um theagmhais a chosc agus a fhreagairt in Ergneti agus go n-áirithítear leis rialtacht na gcruinnithe sin lena dtugtar aghaidh ar an staid slándála ar an láthair, agus lena n-áirítear Rialtas na Seoirsia, na réigiúin scarúnaíocha agus Cónaidhm na Rúise;de bhrí, ar an drochuair, go bhfuil sásra comhchosúil in Gali, Abkhazia, ar feitheamh;

DG. de bhrí go bhfuil gá leanúnach le EUMM a fhócas anailíseach agus a chumais anailíseacha a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí hibrideacha leanúnacha agus, dá bhrí sin, go bhfuil gá le buiséad agus acmhainní leordhóthanacha;

DH. de bhrí go bhfuil EUMM á ionsaí ó thaobh ghníomhaíochtaí bréagaisnéise, go háirithe ag eagraíochtaí meán agus bealaí meán sóisialta atá lonnaithe i réigiúin faoi fhorghabháil a dtacaíonn an Rúis leo, rud a chuireann iallach ar EUMM a acmhainní inmheánacha a eagrú chun an comhar is gá a chur ar fáil agus féachaint ar bhealaí chun an bhréagaisnéis a chomhrac;

DI. de bhrí go bhfuil an 'Beolíne' á bhainistiú ag EUMM, sásra chun muinín a chothú a fheidhmíonn mar bhealach suntasach cumarsáide 24/7 idir Rialtas na Seoirsia agus na húdaráis de facto san Abcáis agus san Oiséit Theas, lena n-áirítear gardaí teorann Chónaidhm na Rúise arna n-imscaradh sa dá réigiún, maidir le teagmhais phráinneacha ar an láthair; de bhrí gur gníomhachtaíodh an Bheolíne sin os cionn 2 100 uair in 2021; de bhrí go dtacaíonn EUMM leis na formáidí caibidlíochta agus na bealaí cumarsáide trí pháirt a ghlacadh in Idirphlé Idirnáisiúnta na Ginéive (GID) agus trí chomhchathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe an tSásra um Theagmhais a Chosc agus a Fhreagairt (IPRM) in Ergneti;

DJ. de bhrí gur thrasnaigh gardaí FSB an Líne Teorann Riaracháin an 24 Deireadh Fómhair 2019, den chéad uair le breis agus 10 mbliana, ag coinneáil monatóirí EUMM agus ag cur brú ar AE a scaoileadh saor a chaibidliú;

DK. de bhrí go gcuireann ról EUMM chun aghaidh a thabhairt ar shlándáil dhaonna agus ar riachtanais dhaonnúla an phobail áitiúil i limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus maidir le malartuithe éifeachtacha faisnéise a éascú, mar shampla i dtaca le trasnuithe leighis nó scaoileadh na ndaoine agus faireachán EUMM atá á gcoinneáil ag na Línte Teorann Riaracháin (ABLanna), agus trí chomh-éascaíocht a dhéanamh ar phlé pearsanta ag cruinnithe IPRM in Ergneti, go gcuireann sé luach ollmhór leis an ról tábhachtach atá ag EUMM maidir le rannchuidiú le slándáil, bainistiú coinbhleachtaí agus forbairt muiníne araon;

DL. de bhrí go bhfuil an tSeoirsia ar cheann de na rannpháirtithe is mó per capita do mhisin CBSC san Afraic;

DM. de bhrí go bhfuil tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir fós an-leochaileach ó thaobh an neamhdheimhneacht fuinnimh, go háirithe Poblacht na Moldóive agus an Úcráin, a chuireann suas le dúmhál fuinnimh ón Rúis arís agus arís eile;

DN. de bhrí go ndéanfaidh bearta AE chun neamhdheimhneacht fuinnimh a mhaolú trí fhoinsí fuinnimh a éagsúlú, slándáil agus cobhsaíocht i réigiún an Oirthir a neartú;

DO. de bhrí go raibh beart déanta ag an gCoimisiún cheana féin chun spleáchas na hEorpa ar sholáthraí aonair a laghdú trína sholáthraithe gáis a éagsúlú;de bhrí, mar fhreagairt ar na héifeachtaí a spreag na smachtbhannaí a fhorchuirtear ar an Rúis, chun stop a chur leis an spleáchas ar allmhairí fuinnimh na Rúise, gur cheap an Coimisiún plean nua chun, faoi dheireadh 2022, 100 billiún méadar ciúbach d’allmhairí gáis ón Rúis a ionadú trí allmhairí níos airde gáis nádúrtha leachtaithe agus ó phíblíne ó sholáthróirí nach soláthróirí Rúiseacha iad, agus méideanna níos mó bithmheatáin agus táirgthe agus allmhairí hidrigine in-athnuaite;de bhrí go bhfuil sé mar aidhm ag an bplean úsáid breoslaí iontaise i dtithe, i bhfoirgnimh, i dtionscail agus i gcórais chumhachta a laghdú, agus le héifeachtúlacht fuinnimh a threisiú, le fuinneamh in-athnuaite agus leictriú a mhéadú, agus aghaidh a thabhairt ar scrogaill bhonneagair;

1. ag athdhearbhú thiomantas AE agus á chur i bhfios go láidir a tacaíocht aonchiallach do cheannasacht, d’iomláine chríochach agus do neamhspleáchas polaitiúil thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir laistigh dá dteorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta agus tacú lena n-iarrachtaí na prionsabail sin a fhorfheidhmiú go hiomlán; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá aontacht agus dlúthpháirtíocht na mBallstát i ndáil leis sin;

2. ag cáineadh, go láidir, cogadh foghach gan chúis agus gan údar na Rúise ar an Úcráin agus a gníomhaíochtaí gaolmhara i limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine, sa Chrimé a ionghabhadh go neamhdhleathach agus sa Bhealarúis; á chur i bhfáth go bhfuil tionchar díobhálach ag ionsaí na Rúise agus leathnú leanúnach a cuid gníomhaíochtaí míleata san Úcráin ar shlándáil Eorpach agus dhomhanda; ag athdhearbhú a seasaimh gur cheart do chomhpháirtithe agus do chomhghuaillithe dlús a chur lena dtacaíocht mhíleata don Úcráin agus lena soláthar arm, atá i gcomhréir le hAirteagal 51 de Chairt na Náisiún Aontaithe lena gceadaítear féinchosaint aonair agus chomhchoiteann;

3. á chur i bhfios go láidir go bhfuil síocháin inbhuanaithe agus slándáil an duine i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir bunriachtanach do AE;ag cáineadh go láidir an cogadh foghach a thosaigh Cónaidhm na Rúise agus a rannpháirtíocht sa chogaíocht mhíleata agus sa chibearchogaíocht araon i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir; á iarraidh go gcuirfí deireadh láithreach leis an gcogadh foghach i gcoinne na hÚcráine agus go dtarraingeofaí siar trúpaí uile na Rúise go hiomlán agus láithreach ó na críocha uile atá faoi fhorghabháil na Rúise i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus go gcuirfí deireadh leis an gcogaíocht mhíleata i gcoinne na hÚcráine, a bhfuil beatha sibhialtach agus saighdiúirí á n-éileamh aige, agus a fhágann go n-easáiteofar na milliúin duine, agus go gcuirfear bac ar fhorbairt shocheacnamaíoch ag an am céanna;ag cáineadh go

láidir an t-ionsaí agus an forghabháil a rinne fórsaí na Rúise ar shaoráidí núicléacha na hÚcráine agus á mheas nach mór go dteipfeadh ar iarrachtaí na Rúise a tionchar mailíseach i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir a neartú le forneart agus comhéigean;á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá aontacht, dlúthpháirtíocht agus comhleanúnachas na mBallstát;á iarraidh go gcuirfí dlús leis an gcomhar le comhghuaillithe daonlathacha atá ar aon intinn chun tionchar diúltach cumhachtaí tríú tír i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir a mhaolú agus chun gníomhú ina choinne;

4. á chur in iúl gur geal léi conclúidí Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir 2021 agus tuilleadh comhair idir an tAontas agus tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir; ag cur san áireamh na ndúshlán slándála atá roimh thíortha an EaP, go háirithe cogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, coinbhleachtaí fada, gníomhaíochtaí míleata follasacha, bagairtí hibrideacha agus cur isteach ar phróisis dhaonlathacha, á mholadh go méadófaí an comhar le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir i réimse na slándála agus na cosanta, agus go méadófaí an infheistíocht agus an cúnamh sa tslándáil, san arm, san fhaisnéis agus sa chibearchomhar le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir lena mbaineann;

5. ag tacú le comhordú agus comhar níos dlúithe cosanta agus slándála le roinnt tíortha de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir;d’fhonn cuspóirí straitéiseacha na slándála daonna agus na síochána inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir agus níos faide i gcéin, agus cur chuige comhtháite a spreagadh chun na críche sin trí acmhainneacht iomlán CBSC a bhaint amach i ndáil le huirlisí beartais ábhartha;ag tacú go láidir le misin CBSC atá ar siúl faoi láthair i dtíortha comhlachaithe Chomhpháirtíocht an Oirthir;á áitiú go láidir go neartófaí an ghné slándála de bheartas AE Chomhpháirtíocht an Oirthir, go bhforbrófar comhpháirtíochtaí straitéiseacha slándála le roinnt tíortha de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir, go bhfeabhsófaí idirphlé agus comhar maidir leis an mbeartas eachtrach agus slándála, agus go bhforbrófaí ról níos gníomhaí don Aontas i ndíghéarú an teannais leanúnaigh, i gcoinbhleachtaí a chosc amach anseo, i mbearta idirghabhála agus cothaithe muiníne amach anseo, agus i réiteach coinbhleachta lena gcuirtear i gcoinne bagairtí hibrideacha, bréagaisnéise agus bolscaireachta, maidir le cúnamh agus comhar a thabhairt don chosaint shibhialtach agus maidir le tacú le hathbhreithniú cuimsitheach ar earnáil na slándála i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, lena sainaithnítear réimsí cosanta agus slándála nach mór a fheabhsú agus lena gcuirtear ar chumas AE agus na mBallstát a dtacaíocht a chomhordú;á mheas go bhfuil gá le hailíniú agus cóineasú de réir a chéile ar bheartas eachtrach agus slándála AE agus thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a chur chun cinn tuilleadh, i gcomhréir le gealltanais na gcomhpháirtithe le AE;á iarraidh ar thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir ailíniú a dhéanamh le beartas smachtbhannaí AE i gcoinne na Rúise as a cogadh i gcoinne na hÚcráine;

6. á chur i bhfáth go bhfuil réiteach síochánta ar choinbhleachtaí leanúnacha nó neamhréitithe sa réigiún, bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta agus ar dhea-chaidreamh comharsanachta, ríthábhachtach chun daonlathais athléimneacha agus inbhuanaithe a fhorbairt agus a neartú i gComhpháirtíocht an Oirthir;á mheabhrú go n-éilíonn an tsíocháin agus an tslándáil institiúidí atá láidir agus cuntasach go poiblí, dea-rialachas agus urraim don smacht reachta;ag spreagadh go láidir do chomhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir páirt bhreise a ghlacadh sna hathchóirithe ábhartha, ós rud é nach mbeifear in ann an athléimneacht is gá i leith bagairtí seachtracha a bhaint amach

ach le hathléimneacht inmheánach atá bunaithe ar institiúidí láidre agus daonlathacha;

7. á chur i bhfáth gur gá do AE leanúint de thimpeallacht a chur chun cinn atá fabhrach do réiteach coinbhleachtaí agus do thacú le gníomhaíochtaí lena gcuirtear muinín agus teagmhálacha duine le duine chun cinn ar fud pobail atá roinnte mar gheall ar choinbhleacht, tosaíocht a thabhairt d'iarrachtaí agus cistiú a leathnú le haghaidh cothú na síochána réamhghabhálach, lena n-áirítear taidhleoireacht choisctheach, chomh maith le sásraí luathrabhaidh agus gníomhaíochta;

8. ag iarraidh ar stáit Chomhpháirtíocht an Oirthir oibriú i gcónaí chun leanúint den chomhar le tíortha comharsanachta, ós rud é go n-áiritheofaí leis sin go ndéanfaí an comhar torthúil atá ann cheana a dhoimhniú agus go seachnófaí aighneas neamhriachtanach a d'fhéadfadh teacht as ábhair dhéthaobhacha nach bhfuil réiteach orthu;

9. ag iarraidh go ndíreofar níos mó ar athmhuintearas agus ar atógáil naisc pobail i bhfianaise na deighiltí atá i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir; ag spreagadh, i ndáil leis an méid sin, rannpháirtíocht ghníomhach le gníomhaithe na sochaí sibhialta, chomh maith le pobail reiligiúnacha, i réimsí amhail anailís áitiúil coinbhleachtaí, idirghabháil áitiúil, athmhuintearas agus neartú an chomhtháthaithe shóisialta;

10. á iarraidh go mbeadh comhordú níos dlúithe ann le ESCE chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir, go háirithe i réimsí na gáinneála ar dhaoine, an rialaithe arm, na himirce ionstraimithe, an chothaithe muiníne agus idirphlé a éascú i measc na bpáirtithe uile sa ghéarchéim;

11. á chur in iúl gur cúis bhuartha di i gcónaí na sáruithe leanúnacha atá á ndéanamh ag réimeas na Rúise ar uiscí teorann agus ar aerspás na dtíortha sa Mhuir Bhailt, i réigiún na Mara Duibhe agus sa Mhuir Mheoid;ag iarraidh ar na Ballstáit i limistéar na Mara Duibhe, i gcomhthéacs an chogaidh leanúnaigh fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine, dlús a chur leis an gcomhar míleata leis na comhpháirtithe in oirthear na Mara Duibhe (an Úcráin, an tSeoirsia agus Poblacht na Moldóive), go déthaobhach agus laistigh de ECAT;á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá rannpháirtíocht AE agus ECAT le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir i réigiún na Mara Duibhe, chun réigiún slán agus cobhsaí na Mara Duibhe a áirithiú;

12. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), agus ag spreagadh na mBallstát freisin rannchuidiú leis an gcomhar laistigh d'Ardán Idirnáisiúnta na Crimé chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí hibrideacha ar shlándáil réigiún na Mara Duibhe i gcoitinne a bhaineann le forghabháil agus ionghabháil neamhdhleathach na Rúise ar an gCrimé agus le míleatú na Mara Duibhe agus an Mhuir Mheoid;

13. á mheas gur féidir le Three Seas Initiative [Tionscnamh na dTrí Farraige] (3SI) a bheith ar cheann de na formáidí chun infheistíocht a úsáid lena gcuirtear slándáil fhrithpháirteach agus cobhsaíocht i mbonneagar criticiúil chun cinn agus á chreidiúint gur cheart é a oscailt chun tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a áireamh faoi chuimsiú na mbeartas agus na gclár Eorpach atá ann cheana, go háirithe Chomhpháirtíocht an Oirthir;á chur i bhfios go láidir gur cheart do 3SI oibriú go dlúth le AE chun dúbláil iarrachtaí agus tionscnamh a sheachaint, mar aon le cuir chuige atá ag teacht salach ar a

chéile; ag tacú leis an smaoineamh gur cheart don Aontas ceannaireacht a ghlacadh ar 3SI;

14. ag iarraidh ar institiúidí AE clár oibre lánpháirtíochta níos uaillmhianaí a chur ar fáil don Úcráin, lena bhféadfaí céimeanna praiticiúla a áireamh i dtreo an chéad idirchéim de lánpháirtiú na hÚcráine de réir a chéile i Margadh Aonair AE;ag iarraidh ar an gCoimisiún measúnú críochnúil a dhéanamh, ar bhonn fiúntais, ar iarratais ar stádas iarrthóra na Seoirsia, na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive;

15. á dhearbhú gur gá do Chomhaltaí de Choistí Pharlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Eachtracha agus dá Fochoiste um Chearta an Duine faireachán leanúnach a dhéanamh ar an gcás;

***Acmhainneacht iomlán an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) a bhaint amach i gComhpháirtíocht an Oirthir***

16. á chur in iúl gur geal léi go ndírítear go leormhaith, leis an gCompás Straitéiseach a glacadh, ar thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, lena n-áirítear tacaíocht don Úcráin i bhfianaise ionsaí na Rúise agus athléimneacht bhreise i bhfianaise bhriogadh agus bagairtí na Rúise;á chur i bhfios go láidir gur gá a áirithiú go mbeidh sé comhordaithe agus comhleanúnach le Coincheap Straitéiseach 2022 ECAT atá le teacht, go háirithe i réimsí maidir le cur i gcoinne ionsaí na Rúise, cibearchosanta agus cur i gcoinne cogaíochta hibridí, bréagaisnéise agus cúblála agus trasnaíochta eachtraí, ós rud é nach féidir timpeallacht slándála na hEorpa agus athléimneacht na hEorpa a bhaint amach gan slándáil agus athléimneacht fhadtéarmach chomharsana uile AE; ag tabhairt dá haire nach mór cur chuige AE a bheith iomlánaíoch, lena n-áirítear tacú le hathchóirithe daonlathacha agus eacnamaíocha, athléimneacht institiúideach agus shochaíoch a neartú, agus acmhainneachtaí slándála agus cosanta a fheabhsú;

17. ag spreagadh na mBallstát a chomhroinneann ballraíocht AE agus ECAT araon agus atá i gceannas ar thionscnaimh éagsúla fothaithe acmhainneachta le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir chun a áirithiú go ndéanfar iarrachtaí oiliúna agus aistriú dea-chleachtas a chomhordú leis an gCumas Míleata Pleanála agus Seolta (EU MPCC) agus CPCC;ag iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go nglacfaidh misin CBSC sna tíortha comhlachaithe de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir le dlúthchomhordú le straitéis agus gníomhaíochtaí ECAT sa réigiún;

18. ag spreagadh na mBallstát atá rannpháirteach in PESCO chun tionscadail PESCO a chur in oiriúint do riachtanais mhisin agus oibríochtaí CBSC AE, mar shampla trí chórais chumarsáide shibhialtacha shlána ardchriptithe a fhorbairt, agus, i gcomhréir leis na coinníollacha ginearálta maidir le rannpháirtíocht tríú stát i dtionscadail PESCO, machnamh a dhéanamh maidir le cuireadh a thabhairt do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a chomhlíonann na coinníollacha ginearálta sin a bheith rannpháirteach; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh cuimsiú comhpháirtithe straitéiseacha amhail tíortha gaolmhara Chomhpháirtíocht an Oirthir i dtionscadail aonair PESCO a bheith chun leasa straitéiseacha AE agus go mbeadh sé chun tairbhe an dá thaobh, ós rud é go bhfaigheadh tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir acmhainneachtaí uathúla agus saineolas teicniúil uathúil, go háirithe ó thaobh aghaidh a thabhairt ar bhagairtí hibrideacha agus ar an gcibearshlándáil; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin,

imscaradh na saineolaithe ón bhFoireann Mearfhreagartha Cibeartheagmhas atá maoinithe ag PESCO chun na hÚcráine;

19. ag spreagadh AE agus a Bhallstáit sásraí tacaíochta a leathnú le haghaidh rannpháirtíocht bhreise thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir i misin agus oibríochtaí sibhialtacha agus míleata CBSC, nuair is gá, lena n-áirítear trí staidéar agus/nó turais allamuigh, ceardlanna, oiliúint agus cúrsaí CBSC, etc., lena gcabhrófaí le hidir-inoibritheacht na gcomhpháirtithe a mhéadú, nósanna imeachta comhchoiteanna agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a fhorbairt;iad a spreagadh, thairis sin, comhoibriú le formhór chomhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir maidir leis an gcibearshlándáil, lena n-áirítear comhroinnt faisnéise frithpháirteach, agus cúnamh i mbonneagar criticiúil;

20. á mheas go rachfaí i gcomhairle le roinnt comhpháirtithe de Chomhpháirtíocht an Oirthir sna luathchéimeanna de phleanáil mhisin agus/nó oibríochtaí CBSC, go háirithe na misin agus/nó na hoibríochtaí sin atá á n-óstáil ag comhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir nó a bheidh á óstáil acu;

21. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá rannpháirtíocht ghníomhach agus ról comhairleach neartaithe Pharlaimint na hEorpa sa phróiseas cinnteoireachta maidir le CBSC arna chur chun feidhme i réigiún thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir;

22. á chur in iúl gur geal léi an comhaontú sa Chomhairle an 13 Aibreán 2022 maidir leis an tríú tráinse de thacaíocht mhíleata faoin tSaoráid Eorpach Síochána arb ionann é agus EUR 1.5 billiún ar an iomlán chun ábhar míleata marfach agus breosla agus trealamh cosanta a sholáthar, agus á iarraidh go ndéanfar iad a sheachadadh láithreach bonn;á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé do AE, i bhfianaise chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ar an timpeallacht slándála atá ag éirí níos deacra a dhéanann difear do chobhsaíocht agus do rialachas ár gcomhpháirtithe san Oirthear, ár gcomhar slándála agus cosanta a neartú;á chur in iúl gur geal léi cinneadh na Comhairle Eorpaí an 2 Nollaig 2021 leas a bhaint as an tSaoráid Eorpach Síochána (EPF) chun pacáiste EUR 31 mhilliún a chur ar fáil don Úcráin, pacáiste EUR 12.75 milliún don tSeoirsia agus pacáiste EUR 7 milliún do Phoblacht na Moldóive chun cabhrú lena n-athléimneacht agus a n-acmhainneachtaí cosanta a neartú, go háirithe cumais chibearshlándála, leighis, innealtóireachta, shoghluaiste agus lóistíochta, agus leis an gcomhrac i gcoinne na bréagaisnéise;ag spreagadh tuilleadh úsáid a bhaint as SSE chun cur le cumas thíortha comhlachaithe Comhpháirtíocht an Oirthir, go háirithe iad siúd a bhfuil ionsaí armtha á dhéanamh orthu agus iad siúd a bhfuil misin CBSC á n-óstáil acu, chun aghaidh a thabhairt tuilleadh ar a riachtanais slándála i bpríomhréimsí amhail an trealamh is gá chun faisnéis a mhalartú trí línte slána cumarsáide agus na huirlisí teicniúla is gá chun ionsaí armtha agus bagairtí hibrideacha a chomhrac;á chur i bhfios go láidir gur gá don Aontas feabhas a chur ar thacaíocht ábhartha agus airgeadaíochta do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus díriú freisin ar fhothú acmhainneachta d’fhonn athléimneacht gach tír de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir a fheabhsú, go háirithe maidir le feachtais bhréagaisnéise a chomhrac, agus sa chosaint náisiúnta chomh maith;á chur i bhfios go láidir gur gá do AE cur chuige comhtháite a fhorbairt chun a bheith in ann cabhrú le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir aghaidh a thabhairt ar thírdhreach na mbagairtí idirnasctha frithpháirteacha;

23. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá dlúthpháirtíocht AE agus na mBallstát leis an Úcráin agus an staid slándála atá ag éirí níos neamhbhuaine i roinnt tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir;ag spreagadh AE agus a chuid Ballstát chun a áirithiú go mbeidh aon tacaíocht trealaimh trí SES do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir i gcomhréir go docht leis an dlí idirnáisiúnta ábhartha maidir le trealamh a sholáthar d'fhórsaí armtha, go mbeidh sé i gcomhréir le riachtanais chuspóirí tacaíochta AE don tír de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir lena mbaineann agus go gcuirfear i gcrích í — i gcás inarb ábhartha — i gcomhar le tionscnaimh fothaithe acmhainneachta ECAT faoi seach do thíortha comhpháirtíochta agus le pleanáil straitéiseach chun dúbailt neamhriachtanach a sheachaint agus éifeachtúlacht a mhéadú;ag spreagadh na mBallstát chun ionstraimí cúnaimh mhíleata a fhorbairt lena gcuirfear ar chumas roinnt tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir trealamh a cheannach ó tháirgeoirí AE; ag iarraidh ar na Ballstáit na nósanna imeachta riaracháin a laghdú ionas nach gcuirfear bac ar chinntí a rinneadh cheana maidir le soláthar trealaimh do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir;

24. ag iarraidh ar na Ballstáit buiséad na Saoráide Eorpaí Síochána a mhéadú chun a chur ar chumas AE athléimneacht agus cumais chosanta thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a neartú, amhail na cinn chun bagairtí hibrideacha a chomhrac;

25. ag spreagadh na mBallstát athléimneacht mhíleata na hÚcráine a neartú tuilleadh trí airm a sholáthar, lena n-áirítear airm frithlong, frith-aerárthach agus fritancanna; á chur in iúl gur geal léi cinneadh na mBallstát uile a chuir trealamh marfach ar fáil don Úcráin chun borradh a chur faoi acmhainneacht na hÚcráine a ceannasacht agus a hiomláine chríochach a chosaint;

26. á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh 'clearing house cell' [cill tí imréitigh] de chuid Foireann Mhíleata an Aontais;á aithint go bhfuil an Pholainn ina mol lóistíochta anois atá freagrach as a áirithiú go sroichfidh na soláthairtí ábhartha agus airgeadais uile fórsaí armtha na hÚcráine;ag spreagadh na mBallstát gníomhú go práinneach chun pearsanra agus soláthairtí a mhéadú agus a athshuíomh i mBallstáit oirthear AE, go háirithe trealamh cumarsáide slán, soláthairtí leighis agus armra sofaisticiúla;

27. ag spreagadh an Choimisiúin, mar chuid de fhreagairt airgeadais nuálach ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, a mheas cathain a bheadh athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil iomchuí agus athbhreithniú a dhéanamh, i measc beartas eile, ar chaiteachas cosanta níos mó, dífheistiú ó hidreacarbóin Rúiseacha, iarmhairtí socheacnamaíocha an chogaidh do shaoránaigh AE agus faoiseamh ó fhiachais a mhaolú, sa bhreis ar sholáthar leanúnach na cabhrach míleata do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir tríd an tSaoráid Eorpach Síochána;

28. á chur in iúl gur geal léi gur fhormheas an Coimisiún clár cúnaimh mhacrairgeadais éigeandála (MFA) don Úcráin ar fiú suas le EUR 1.2 billiún é lena rannchuideofar le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus athléimneacht fhoriomlán na hÚcráine a fheabhsú sa chomhthéacs a cruthaíodh le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus a tionchar ar an staid eacnamaíoch;á thabhairt dá haire gur leithdháil AE agus institiúidí airgeadais Eorpacha níos mó ná EUR 17 mbilliún i ndeontais agus in iasachtaí don tír ó 2014 i leith;

29. ag iarraidh ar an gCoimisiún an faireachán ar chórais smachtbhannaí a neartú chun a

áirithiú go gcomhlíonfar na córais smachtbhannaí atá ann cheana;

***Comhar le hinstitiúidí agus le huirlisí a fheabhsú***

30. ag iarraidh ar chomhghuaillithe AE agus ECAT araon leas a bhaint as gach bealach is féidir chun tacú le neartú an chomhair mhíleata-slándála le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, toisc nach féidir slándáil agus cobhsaíocht an réigiúin a áirithiú dá uireasa;á chur in iúl gur geal léi Beartas Iontráil Oscailte ECAT lena gcoinnítear dlúthchaidreamh polaitiúil agus oibríochtúil leis na tíortha iarrthóra lena mbaineann, eadhon an Úcráin agus an tSeoirsia;

31. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá dianchomhairliúcháin agus comhar neartaithe idir AE agus ECAT maidir le cásanna atá ag dul in olcas, amhail cogadh foghach reatha na Rúise i gcoinne na hÚcráine; á chur i bhfios go láidir gur cheart go n-urramófaí leis an gcomhar sin socruithe slándála na mBallstát uile agus go mbeadh sé bunaithe ar aontacht agus dlúthpháirtíocht i measc na mBallstát, agus ar chomhlíonadh na bprionsabal a bhaineann leis an ollstruchtúr slándála Eorpach agus leis an dlí idirnáisiúnta atá ann cheana, lena n-áirítear ceannasacht agus iomláine chríochach na dtíortha comharsanachta;ag iarraidh ar an bpobal trasatlantach iarrachtaí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a ghiaráil agus a leathnú chun gníomhartha ionsaithe agus gníomhaíochtaí díreacha agus indíreacha na Rúise atá dírithe ar an Úcráin, ar an tSeoirsia agus ar Phoblacht na Moldóive a chomhrac;

32. ag iarraidh ar an Aontas an comhar le ECAT a threisiú, agus freisin tríd an Dearbhú Comhpháirteach atá le teacht maidir leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT, chun tacú le fothú acmhainneachta cosanta agus slándála ár gcomhpháirtithe i gcomharsanacht an Oirthir;á chur in iúl gur geal léi an comhar treisithe idir na Stáit Aontaithe, AE agus a Bhallstáit agus an dianphlé atá ar siúl laistigh de ECAT maidir le slándáil na hEorpa;

33. ag iarraidh ar SEGS comhordú a dhéanamh ar thuarascálacha measúnaithe, ar mheasúnuithe bagartha agus ar theachtaireachtaí polaitiúla le hambasáidí na mBallstát agus le hOifigí Idirchaidrimh ECAT sna tíortha comhlachaithe de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir;

34. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil comhalta amháin de ECAT ag cur moill ar rochtain na hÚcráine ar Ghníomhaireacht Tacaíochta agus Soláthair ECAT in ainneoin riachtanais phráinneacha agus ar chúiseanna nach mbaineann leis an staid reatha;

35. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil Ballstát de chuid ECAT ag cur bac ar phlé idir ECAT agus an Úcráin ar leibhéal na n-airí, rud a chuireann cosc ar fhorbairt na comhpháirtíochta sin;

36. ag spreagadh an Leas-Uachtarán/Ardionadaí aird ar leith a thabhairt ar shlándáil limistéar Chomhpháirtíocht an Oirthir san idirphlé slándála agus cosanta idir AE agus na Stáit Aontaithe atá le teacht, san idirphlé idir AE agus SAM maidir leis an Rúis agus san idirphlé idir AE agus SAM maidir leis an tSín; ag tabhairt dá haire gur deis thábhachtach é an tIdirphlé Slándála idir AE agus SAM chun breisluach an chaidrimh thrasatlantaigh sa tslándáil agus sa chosaint a uasmhéadú, agus gur cheart dó neart ama agus acmhainní a chur ar fáil chun feabhas a chur ar an timpeallacht slándála i réigiún

Chomhpháirtíocht an Oirthir;ag tabhairt dá haire go measann réimeas na Creimile gur bagairt é Chomhpháirtíocht an Oirthir atá daonlathach, cobhsaí agus ar son na hEorpa agus, dá bhrí sin, go bhfuil sí faoi bhrú polaitiúil agus míleata, go háirithe an Úcráin;á mheabhrú nach féidir ord slándála na hEorpa a phlé gan tíortha Eorpacha; á chur i bhfios go láidir go bhfuil cobhsaíocht réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir bunriachtanach do shlándáil mhór-roinn iomlán na hEorpa;

37. ag iarraidh ar AE tacú le meáin neamhspleácha ardcháilíochta agus le hiriseoirí i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir chun iolrachas, saoirse na meán agus an smacht reachta a neartú, chun bréagaisnéis a chomhrac agus chun athléimneacht fhoriomlán sochaithe daonlathacha i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a mhéadú;

38. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an méadú atá ag teacht ar chúbláil faisnéise, bréagaisnéise agus bagairtí hibrideacha a eascraíonn, go háirithe, ón Rúis ach freisin ó ghníomhaithe eile, a dhéanann difear do roinnt amharclann agus do mhisin CBSC go díreach agus a dhéanann díchobhsú ar réigiúin iomlána;

39. á chur in iúl gur saoth léi iarrachtaí údaráis na Rúise rúndacht iomlán a choinneáil i leith a bpobail féin maidir leis an gcogadh foghach leanúnach i gcoinne na hÚcráine, go háirithe trí ‘oibríocht speisialta’ a thabhairt ar chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine agus trí dheireadh a chur le saoirse an phreasa agus trí smachtbhannaí dlíthiúla diana a fhorchur ar dhaoine aonair agus ar na meáin neamhspleácha;

40. á chur i bhfáth gur gá do AE agus dá Bhallstáit feabhas a chur ar an gcomhar le comhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir, go háirithe i réimsí na cumarsáide straitéisí agus an chomhraic i gcoinne na bréagaisnéise agus na cúblála faisnéise, chomh maith le haon chur isteach eachtrach mailíseach, chun athléimneacht stáit agus sochaíoch a fhorbairt agus chun cur i gcoinne lagú agus ilroinnt sochaithe agus institiúidí;

41. ag iarraidh ar AE tionscadail a éascú do rialtais, do shochaithe sibhialta, d’eagraíochtaí neamhrialtasacha agus do ghníomhaithe eile na dtíortha comhlachaithe de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir a chuideoidh leo an bhréagaisnéis agus bagairtí hibrideacha a chomhrac, lena n-áirítear trí obair thábhachtach roinn StratCom SEGS, lena thascfhórsaí, Lárionad Faisnéise agus Staide AE (EU INTCEN) agus Cill Chomhtháthaithe an Aontais Eorpaigh in aghaidh Bagairtí Hibrideacha, an Córas Mear-Rabhaidh, an comhar bunaithe ar an leibhéal riaracháin idir SEGS, an Coimisiún agus an Pharlaimint, an líonra atá faoi stiúir an Choimisiúin i gcoinne na bréagaisnéise, agus tascfhórsa riaracháin na Parlaiminte i gcoinne na bréagaisnéise;ag spreagadh na mBallstát síneadh a chur le rannpháirtíocht thíortha comhlachaithe Chomhpháirtíocht an Oirthir chun an Lárionad Eorpach um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha (COE hibrideach) a chur san áireamh;

42. á chur i bhfios go láidir go bhfuil géarghá le borradh a chur faoin gcomhar idir comhpháirtithe AE agus Chomhpháirtíocht an Oirthir i réimsí na cumarsáide straitéisí, na bréagaisnéise agus na cúblála faisnéise a chomhrac, chomh maith le haon trasnaíocht eachtrach mailíseach;

43. ag iarraidh ar SEGS feabhas a chur ar acmhainneacht Thoscaireachtaí AE i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir chun an fhírinne a nochtadh faoi na feachtais

bhréagaisnéise, a chuireann prionsabail dhaonlathacha arna gcomhordú ag gníomhaithe stáit eachtracha, go háirithe an Rúis, i mbaol; á iarraidh go dtabharfaí freagairt struchtúrtha ar bhagairtí hibrideacha ar mhisin CBSC mar ábhar práinne, ós rud é gur iarracht é sin chun iad a dhídhlisteanú;

44. ag iarraidh ar an gComhairle, ar an gCoimisiún agus ar SEGS féachaint ar roghanna chun fothú cibear-acmhainne ár gcomhpháirtithe a chothú, amhail sainorduithe comhairleacha a choigeartú chun oiliúint speisialaithe a áireamh chun gníomhaíochtaí cogaíochta hibrideacha a chomhrac, agus feachtais bhréagaisnéise, cibearchogaíocht agus anailís OSINT, chun a áirithiú go ndéanfaidh tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir an bonneagar teicniúil is gá don chibear-athléimneacht a neartú;ag spreagadh seoladh cibearmhisin shibhialtacha; ag tabhairt dá haire an obair thábhachtach oiliúna a rinne an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint (ESDC) i réimse na cibearchosanta agus á chur in iúl gur geal léi na himeachtaí spriocdhírithe oiliúna agus oideachais a d’eagraigh ESDC do chomhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir;

45. ag spreagadh AE chun dlús a chur lena bheartais chibearshlándála, ós rud é gur móracmhainneacht é an cogadh foghach san Úcráin do ghéarú gan fasach, lena n-áirítear ó thríú páirtithe;

46. ag aithint ról na sochaí sibhialta i gceapadh beartais agus i maoirseacht ar athchóiriú na hearnála slándála, agus á iarraidh go gcuirfí tacaíocht agus cistiú leanúnach ar fáil di agus, i gcás inar féidir, é a áireamh i dtionscadail thábhachtacha chun cuntasacht agus trédhearcacht níos fearr a éascú in earnáil na cosanta agus na slándála;

47. ag iarraidh ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit infheictheacht mhisin CBSC i gComhpháirtíocht an Oirthir a mhéadú trína chumarsáid straitéiseach a neartú, tríd an mbréagaisnéis ina gcoinne a chomhrac go réamhghníomhach, trí iad a áireamh agus, go háirithe, Toscaireachtaí AE a áireamh, ina dteachtaireachtaí polaitiúla, ina ndoiciméid agus ina rannpháirtíochtaí leis an bpreas idirnáisiúnta atá inrochtana don phobal;

48. á chur i bhfáth gur gá do AE borradh a chur faoina acmhainneachtaí institiúideacha maidir le coinbhleachtaí a chosc, idirghabháil, idirphlé agus díghéarú i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir;á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh ról níos láidre a bheith ag AE maidir le bearta cothaithe muiníne a chruthú agus go bhféadfadh sé páirt bhreise a ghlacadh in iarrachtaí athmhuintearais;ag iarraidh ar na Ballstáit agus ar SEGS obair a dhéanamh freisin chun oiliúint agus fothú acmhainneachta ár gcomhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir a neartú i réimse an rialaithe arm, na dí-armála agus an neamhleata;ag moladh tionscnamh Ionaid Barr Feabhais AE chun riosca Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach a mhaolú in Tbilisi i ndáil leis sin;ag iarraidh ar an gCoimisiún fothú acmhainneachta chomhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir a mhéadú chun borradh a chur faoi athléimneacht a n-eintiteas criticiúil trí ghníomhaíochtaí oiliúna comhchoiteanna agus trí dhea-chleachtais a roinnt;

49. á chur in iúl gur geal léi Coincheap AE maidir leis an oidhreacht chultúrtha i gcoinbhleachtaí agus i ngéarchéimeanna;á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur féidir le CBSC rannchuidiú le dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an tslándáil atá nasctha le caomhnú agus cosaint na hoidhreachta cultúrtha, agus á chur in iúl gur geal léi na féidearthachtaí chun féachaint ar na hiarrachtaí sin a fhorbairt i réigiún

Chomhpháirtíocht an Oirthir; ag tabhairt dá haire go rachadh cuimsiú chosaint na hoidhreachta cultúrtha agus gné an idirphlé idirchultúrtha sa sainordú misin chun tairbhe do phróiseas an réitigh coinbhleachta agus do thabhairt chun críche lonnaíochtaí inbhuanaithe;

50. ag spreagadh na mBallstát a áirithiú go ndéanfar an t-aistriú digiteach a dhéantar i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a chosaint ar ghníomhaíochtaí mailíseacha agus, dá bhrí sin, molann sí tuilleadh úsáid a bhaint as na tionscnaimh shuaitheanta fothaithe cibear-acmhainneachta atá ag an Aontas cheana sa réigiún — CyberEast agus EU4Digital — chun bunú struchtúr dlíthiúil agus riaracháin a áireamh chun bogearraí agus crua-earraí a dheimhniú, chun Foirne Phráinnfhreagartha ar Ionsaithe Ríomhaireachta agus comhlachtaí ríomhfhóiréinsic agus imscrúdaitheacha a chomhordú ar fud na hEorpa;ag iarraidh ar an an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála oibriú go dlúth le comhpháirtithe Oirthearacha AE chun feabhas a chur ar an gcibearshlándáil sa réigiún;ag iarraidh ar an gComhairle comhoibriú leis an Úcráin chun ár gcibearshlándáil fhrithpháirteach agus ár n-athléimneacht fhrithpháirteach i leith cibearbhagairtí agus ionsaithe hibrideacha a neartú;

51. ag spreagadh na mBallstát chun toil pholaitiúil agus dlúthpháirtíocht níos fearr a léiriú trí líon leordhóthanach pearsanra dea-oilte agus cáilithe a imscaradh chuig misin CBSC i dtíortha comhlachaithe Chomhpháirtíocht an Oirthir, chun a áirithiú go ndéanfar ionadaíocht ar líon mór Ballstát i misin ar fud an réigiúin agus chun rannpháirtíocht níos mó ag tíortha nach bhfuil san Aontas sna misin sin a spreagadh, go háirithe tíortha a bhfuil misin CBSC curtha i gcrích go rathúil acu agus a bhfuil tuiscint níos fearr acu ar an gcomhthéacs áitiúil;á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht fhormhór thíortha comhpháirtíochta Chomhpháirtíocht an Oirthir i misin agus in oibríochtaí CBSC i dtríú tíortha, i gcomhréir le leasanna agus luachanna na hEorpa; ag formhuiniú an chomhair idir líon níos mó Ballstát le comhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir i réimse na slándála, amhail an Briogáid idir an Liotuáin agus an Pholainn agus an Úcráin;

52. á chur in iúl gur geal léi feidhmiú céimneach comhairleoirí míleata chuig Misin agus Toscaireachtaí AE, agus ag spreagadh iarrachtaí chun saineolas slándála agus cosanta a neartú tuilleadh laistigh de Thoscaireachtaí AE;

53. á mheas, maidir le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, gur oscailt súl é do chosaint na hEorpa chun a áirithiú go bhfaighidh misin CBSC a bheidh ann amach anseo i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir níos mó acmhainní, leibhéal méadaithe uaillmhéine agus sainorduithe athbhreithnithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá le sárú, le súil go mbainfear amach cuspóirí misin;

54. ag spreagadh na Ballstát cumais níos éifeachtúla chun faisnéis a roinnt a chur chun feidhme laistigh de mhisin CBSC agus eatarthu, agus béim ar leith a chur ar chomhar feabhsaithe agus pearsanra a thabhairt ar iasacht ó Europol agus Interpol chuig ceanncheathrú mhisin CBSC chun comhroinnt faisnéise gan uaim a éascú;

55. ag iarraidh ar cheanncheathrú SEGS, MPCC, CPCC agus CBSC cultúr nua tuisceana a chothú idir comhpháirtithe sibhialta agus míleata bunaithe ar chaidrimh institiúideacha fheabhsaithe agus ar fheasacht agus measúnú comhroinnte mar iarracht chun creat

pleanála cuimsitheach agus cultúr cuimsitheach a fhorbairt;

56. ag moladh do cheanncheathrú mhisean CBSC sineirgí níos dlúithe a iarraidh le lárionaid oiliúna agus meastóireachta chomhpháirteacha náisiúnta i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir;

57. ag iarraidh ar CPCC, MPCC, Coiste Míleata AE (EUMC) agus foireann mhíleata AE (EUMS) samhail a fhorbairt chun dea-chleachtais agus fios gnó a ghiniúint agus a chomhroinnt maidir le coincheapa ó thoabh pleanáil feachtais nó misin, go háirithe maidir le measúnuithe ar bhagairtí agus rioscaí, luathrabhadh agus fadbhreathnaitheacht straitéiseach, a luaithe is féidir, le comhpháirtithe atá ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an bhfeachtas;

58. ag iarraidh ar an gCoimisiún, ar SEGS, go háirithe ar CPCC, agus ar EUMC dul in oiriúint ar bhealach níos fearr chun meithleacha idirghníomhaireachta a fhorbairt a fhorbairt a bhfuil cleachtaí agus oiliúint acu;á chreidiúint go bhfágann rochtain CBSC ar phleanáil, ar acmhainní agus ar lóistíocht araon go bhféadfaí é a úsáid mar mhol cleachtais d’athléimneacht agus téarnamh na sochaí i bhfianaise tubaistí daonna agus tubaistí nádúrtha araon;

59. ag iarraidh ar CPCC agus ar MPCC béim a leagan ar a thábhachtaí atá oideachas gairmiúil sibhialta-míleata do gach ball foirne i misin CBSC;ag tathant ar AE agus ar na Ballstáit trealamh agus oiliúint iomchuí a chur ar fáil don fhoireann i misin CBSC chun a bheith níos airdeallaí agus níos athléimní;ag spreagadh an Choimisiúin chun Clár Erasmus Míleata a leathnú chuig oifigigh de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir chun a gcuid staidéir a mhaoiniú in acadaimh mhíleata ar fud AE;ag iarraidh ar AE féachaint an bhféadfaí ról ESDC a leathnú chun oifigeach fórsaí armtha agus oiliúint cosanta náisiúnta a éascú; ag spreagadh rannpháirtíocht níos comhsheasmhaí agus níos struchtúrtha pearsanra ábhartha i gcúrsaí ESDC agus comhoibriú le sásraí amhail an Clár Forbartha Gairmiúil (PDP);

60. ag spreagadh leathnú Chlár Erasmus Míleata trí ghlacadh le hoifigigh ó thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, agus a gcuid staidéir a mhaoiniú freisin in acadaimh mhíleata ar fud AE;

61. ag mholadh do cheanncheathrú mhisin CBSC sineirgí níos dlúithe a iarraidh le lárionaid náisiúnta chomhpháirteacha oiliúna agus meastóireachta i dtíortha comhlachaithe Chomhpháirtíocht an Oirthir, amhail poist chomhpháirteacha ceannais agus cleachtaí foirne, maidir le cásanna ina bhféadfadh ceannairí sibhialta agus míleata ó Bhallstáit an Aontais, ó fhoireann mhisin CBSC agus ó thíortha comhlachaithe Chomhpháirtíocht an Oirthir a bheith rannpháirteach;

62. ag iarraidh ar an gCoimisiún, ar SEGS, ar CPCC agus ar MPCC sineirgí le réimsí beartais eile agus le geallsealbhóirí ábhartha a fheabhsú d’fhonn dlús a chur le hiarrachtaí i gcothú na síochána réamhghabhálacha, i dtaidhleoireacht choisctheach, i luathrabhadh, i gcothú muiníne agus i bhfeabhas a chur ar athléimneacht na saoránach i gcoinne na bréagaisnéise;ag spreagadh na mBallstát machnamh a dhéanamh ó thaobh dul i mbun cleachtaí comhpháirteacha le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir i réimsí amhail freachnaimh mhuirí, oibríochtaí comhchoiteanna tacaíochta aeir agus tacaíocht síochána;

63. á chur in iúl gur cúis bhuartha di agus ag tathant go dtabharfaí aghaidh ar pholaitiú reatha agus tionchair pholaitiúla ar fhórsaí cosanta i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, ós rud é gurb é an toradh atá air sin go ndéantar oifigigh a bhfuil oideachas agus oiliúint orthu sna cláir a fhaigheann tacaíocht ó AE, ó na Ballstáit agus ó thíortha comhpháirtíochta eile a bhaint nó a íosghrádú ar bhonn polaitiúil;

64. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé do AE ról na mban agus na ndaoine óga i bhforbairt na síochána i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir a chur chun cinn agus chun na Cláir Oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus na Cláir Oibre don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir a chur chun cinn;á chur i bhfáth gur gá dea-chleachtais a roinnt maidir le comhionannas inscne agus gnéithe d'oibríochtaí míleata agus de mhisin shibhialtacha atá inscne-íogair (dearadh, pleanáil, anailís, cothromaíocht inscne na foirne, etc.), trí oiliúint éigeantach AE a úsáid do phearsanra mhisin agus oibríochtaí CBSC, agus trí chomhairleoirí tiomnaithe inscne a thionscnamh do gach misean agus oibríocht CBSC;

*Ag soláthar cumais bhreise pholaitiúla agus straitéiseacha do CBSC i réimse Chomhpháirtíocht an Oirthir*

65. ag iarraidh ar an gCoimisiún, ar SEGS agus go háirithe ar CPCC a áirithiú go gcoinneoidh EUAM mar thosaíocht aige athchóiriú Sheirbhís Slándála na hÚcráine agus síneadh a chur le raon feidhme an chomhair le SSU maidir leis an gcibearshlándáil, an sceimhlitheoireacht agus bagairtí hibrideacha a chomhrac nuair a chuirfear deireadh le staid na héigeandála;

66. ag spreagadh na mBallstát agus AE comhar EUAM a leathnú chuig na struchtúir frith-éillithe uile a bhfuil baint acu leis an athchóiriú ar earnáil na slándála sibhialtaí agus a áireamh, i bhfoirm oiliúna agus teagaisc nó ar bhonn dea-chleachtais a chomhroinnt agus tosaíochtaí a bheidh ann amach anseo a leagan síos go comhpháirteach, gaireas frithéillithe stát na hÚcráine, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Éilliú a Chosc, agus an Chúirt Uachtarach Frith-Éillithe araon;ag spreagadh na mBallstát a mholadh go n-áireofaí ionadaithe sheirbhísí agus riarachán na hÚcráine i gcúrsaí oiliúna leanúnacha, staidéir ar chásanna éillithe agus anailísí ar na cúiseanna le mainneachtain imscrúduithe agus mainneachtain cuntasacht a fhorfheidhmiú do dhéantóirí na coire, chun cúnamh a thabhairt do phearsanra i róil frith-éillithe chun botúin a rinneadh san am atá caite a sheachaint; á chur in iúl gur geal léi inoiriúnaitheacht mhisin CBSC mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise;

67. ag iarraidh ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar CPCC a áirithiú go ndéanfaidh EUAM tosaíocht a thabhairt d'athchóiriú SSU na hÚcráine tar éis staid na héigeandála chun a áirithiú go ndéanfar níos mó maoirseachta, níos lú cumhachtaí imscrúdaitheacha réamhthrialach agus ionaid choinneála agus go ndéanfar SSU a íosmhéadú agus a dhímhíleatú, le measúnú ráithiúil ar an gcur chun feidhme;

68. ag spreagadh na mBallstát agus AE a dtacaíocht a leathnú chuig iarrachtaí digitithe EUAM a bhaineann le hathchóiriú earnáil slándála sibhialta na hÚcráine trí oiliúint agus trí theicneolaíochtaí a sholáthar lena dtacaítear le clárlann sonraí, bainistiú acmhainní daonna agus nósanna imeachta um chomhdú cúirte chun cabhrú le trédhearcacht, cothú muiníne pobail agus éilliú a chomhrac;á chur in iúl gur geal léi tiomantas EUAM ról na

mban i ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a neartú;

69. á mheabhrú nach mór acmhainní iomchuí a bheith ag gabháil le sainorduithe leathnaithe; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an riosca scaipthe má chuimsíonn EUAM earnálacha leathana ach nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige chun a mhisean a chomhlíonadh; ag spreagadh na mBallstát an ghné ghairmiúil de EUAM a neartú le hionadaithe seirbhísí speisialta, chun athchóirithe a chur chun feidhme go héifeachtach agus chun comhairle phraiticiúil a chur ar fáil;

70. á iarraidh go gcuirfí síneadh le sainordú EUAM i réimse an chomhraic i gcoinne bagairtí hibrideacha, na cumarsáide straitéisí, na teicneolaíochta digití agus na cibearshlándála chun acmhainneacht institiúidí rialtais na hÚcráine a neartú chun bagairtí faisnéise a chomhrac, amhail úsáid cumarsáide chun an bonn a bhaint den mhuinín in institiúidí poiblí, scaipeadh na mífhaisnéise agus bolscaireacht naimhdeach, deighilt na sochaí agus cruthú braistintí diúltacha maidir leis an Úcráin ar fud an domhain;

71. ag spreagadh na mBallstát chun feabhas a chur ar a dtacaíocht don Úcráin ina cuid iarrachtaí chun ionsaí na Rúise a sheasamh agus chun a hearnáil cosanta a athchóiriú tuilleadh, earnáil atá ag dul faoi athchóirithe bunúsacha a mbeidh iarmhairtí fadtéarmacha aici d’fhórsaí armtha na hÚcráine, a gcumas slándáil na hÚcráine agus iontaoibh agus muinín an phobail a áirithiú; ag iarraidh ar na Ballstáit an cinneadh a ghlacadh mar ábhar práinne tar éis socrú polaitiúil idir an Úcráin agus an Rúis chun misean míleata comhairleach agus oiliúna CBSC a sheoladh chun cabhrú leis an Úcráin feidhmiú i limistéir chomhraic uirbeacha dlúthdhaonra, cogaíocht neamhshiméadrach agus cibearchogaíocht, agus athchóiriú a dhéanamh ar a córas oideachais mhíleata ghairmiúil, arb é an réimse is suntasaí é chun an t-athrú a éascú agus chun inbhuanaitheacht chlaochlú an chórais cosanta a áirithiú;

72. ag iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit a bhfreagairt phoiblí ar bhriogadh i gcoinne EUMM a neartú, go háirithe sáruithe ar an sos comhraic; á mheabhrú go bhfuil sainordú ag EUMM chun críoch iomlán theorainneacha na Seoirsia a aithnítear go hidirnáisiúnta a chumhdach agus á áitiú go mbeidh rochtain gan bhac ar réigiúin na hAbcáise agus na hOiséite Theas sa tSeoirsia;

73. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS a áirithiú go gcuirfear acmhainní leordhóthanacha ar fáil do cheanncheathrú EUMM, go háirithe bealaí faisnéise agus cumarsáide slána, trealamh físe oíche, íomhánna ar chaighdeán níos fearr agus cumas bailithe agus anailíse feabhsaithe maidir le faisnéis foinse oscailte (OSINT);

74. Iarrann sí ar an gComhairle EUAM, EUMM agus EUBAM a choinneáil ar bun chomh fada agus is gá ar bhonn measúnuithe rialta ar a gcur chun feidhme agus ar a riachtanais i bhfianaise thosaíochtaí an CBSC, agus tacaíonn sí lena struchtúir shainordaithe in-athnuaite chun oiriúnú níos éasca d’aon ghnó a áirithiú. athrú ar fhíorais ar an talamh; á iarraidh go ndéanfaí measúnú rialta ar riachtanais misin eile nó misin comhlántacha i bhfianaise thosaíochtaí CBSC;

75. ag athdhearbhú thacaíocht AE do cheannasacht agus d’iomláine chríochach Phoblacht na Moldóive agus do na hiarrachtaí faoi chuimsiú phróiseas caibidlíochta 5+ 2 chun teacht ar réiteach polaitiúil síochánta, buan agus cuimsitheach ar choinbhleacht Thras-

dnístria, bunaithe ar urraim do cheannasacht agus d'iomláine chríochach Phoblacht na Moldóive laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, le stádas speisialta do Thras-dnístria, lena n-áiritheofaí cosaint chearta an duine, agus sna críocha nach bhfuil á rialú faoi láthair ag údaráis bhunreachtúla; á mheabhrú gur ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe rún an 22 Meitheamh 2018 inar áitíodh ar Chónaidhm na Rúise a trúpaí agus a harmálacha a tharraingt siar gan choinníoll ó chríoch Phoblacht na Moldóive agus ag athdhearbhú a tacaíochta do chur chun feidhme láithreach an rúin sin;

76. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na forbairtí is déanaí i gcríoch réigiún Tras-dnístria agus ag cáineadh na nithe sin mar bhriogadh contúirteach i staid slándála an-mhíshocair;á iarraidh go mbeadh suaimhneas ann d'fhonn slándáil agus folláine na ndaoine atá ina gcónaí ar an dá thaobh d'abhainn Dniester agus i dtíortha comharsanachta a chaomhnú;

77. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an teannas leanúnach ar an teorainn idir an Airméin agus an Asarbaiseáin i ndiaidh na coinbhleachta foréigní i bhfómhar na bliana 2020;ag iarraidh ar an gComhairle agus ar SEGS leanúint de mhuinín a chothú, teannas a laghdú agus oibriú i dtreo réiteach síochánta idir an Airméin agus an Asarbaiseáin;á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí daoine atá á gcoinneáil a mhalartú go hiomlán agus a scaoileadh saor, aghaidh a thabhairt ar chinniúint na ndaoine ar iarraidh, dímhianú daonnúil a éascú, lena n-áiritheofar saorghluaiseacht shábháilte sibhialtach sa Nagorno-Karabakh, cabhrú le pobail a bhfuil coinbhleachtaí iontu, bearta cothaithe muiníne, teagmhálacha duine le duine, tacú le hiarrachtaí atógála, agus á chur i bhfios go láidir go mbeadh caomhnú na hoidhreachta cultúrtha agus an idirphlé idirchultúrtha tairbheach do phróiseas réitithe coinbhleachta; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nár cheart tionchar a bheith ag iarmhairtí na cogaíochta sin ná ag láithreacht 'coimeádaithe síochána' Rúiseacha, mar a thugtar orthu, ar fhorbairtí polaitiúla san Airméin ná ar thodhchaí chlár oibre athchóirithe na tíre;

78. á chur in iúl gur geal léi an toradh a bhí ar an gcruinniú ardleibhéil a bhí ag Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Charles Michel, Uachtarán Phoblacht na hAsarbaiseáine, Ilham Aliyev agus Príomh-Aire Phoblacht na hAirméine, Nikol Pashinyan an 14 Nollaig 2021, inar athdhearbhaigh an dá cheannaire a n-ullmhacht chun obair a dhéanamh ar shaincheisteanna déthaobhacha oscailte agus chun tús a chur le caibidlíocht maidir le críochú teorann, a bhfuil an tAontas sásta cúnamh teicniúil a chur ar fáil ina leith;ag iarraidh ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit tús na caibidlíochta a chur chun cinn maidir le teorainneacha stáit a theorannú agus a chríochú agus comhaontú inbhuanaithe as a dtiocfaidh cómhaireachtáil shíochánta;

79. Iarrann sí ar an AE agus ar na Ballstáit gan ligean don choinbhleacht idir an Asarbaiseáin agus an Airméin a bheith doréitithe;

80. ag iarraidh ar an gCoimisiún cosc a chur ar aon úsáid nó cistiú ón Aontas ar theicneolaíochtaí faireachais neamhdhleathacha, agus ag iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit teagmháil a dhéanamh le Rialtas na hAsarbaiseáine chun deireadh a chur le húsáid na dteicneolaíochtaí faireachais neamhdhleathacha sin agus leis an gcibearshlándáil diansmachtúil sin;

81. á chur in iúl gur cúis mhór imní di gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha agus sceimhlitheoireachta a dhéanann tíortha áirithe, go háirithe an Iaráin, sa Chugas Theas; ag cáineadh go láidir aon ghníomhartha sceimhlitheoireachta; á chur in iúl gur geal léi an comhar slándála idir AE, a Bhallstáit agus tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus ag tacú go hiomlán leis an gcomhar frithsceimhlitheoireachta a dhoimhniú tuilleadh;ag iarraidh ar SEGS dul i mbun idirphlé slándála leis an Airméin, mar atá déanta aige cheana leis an Asarbaiseáin, a luaithe is féidir;ag iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit gan dul in abar maidir leis an gcoinbhleacht idir an Asarbaiseáin agus an Airméin;

82. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról méadaitheach ag an tSín i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir, amhail trí chomhaontú saorthrádála leis an tSeoirsia a thabhairt i gcrích; á chur i bhfios go láidir gur gá don Aontas measúnú straitéiseach a dhéanamh maidir leis an gcaoi a bhféadfadh ról méadaitheach den sórt sin dul i bhfeidhm ar thionchar agus ar chomhar AE i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir;

83. ag iarraidh ar SEGS faireachán a dhéanamh ar láithreacht mhéadaitheach na Síne i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, lena n-áirítear na hiarmhairtí (agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann) do shlándáil inmheánach thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, chomh maith leis an staid gheopholaitiúil níos leithne;

84. á aithint go bhfuil Béising i gcoinne na smachtbhannaí eacnamaíocha i gcoinne na Rúise i dtaobh na hÚcráine, a deir sí go bhfuil siad aontaobhach agus nach bhfuil siad údaraithe ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe;á chur i bhfáth nár cháin an tSín gníomhaíochtaí na Rúise san Úcráin go fóill agus nár aithin sí go ndearna an Rúis ionradh ar an Úcráin; á thabhairt dá haire, sa tSín, go bhfuil an teilifíse stáit ag déanamh neamhaird den chuid is mó ar an gcogadh foghach san Úcráin agus go bhfuiltear á mhaíomh gur ar na Stáit Aontaithe agus ar ECAT a bhí an locht faoin ionradh;

85. á iarraidh go ndéanfaí trádbhac láithreach ar allmhairí ola, guail, breosla núicléach agus gáis ón Rúis agus go dtréigfí Nord Stream I agus II go hiomlán; á chur i bhfios gur uirlis thábhachtach é Nord Stream II don Rúis chun a tionchar pholaitiúil agus eacnamaíoch ar na Ballstáit agus ar thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a mhéadú; ag tabhairt dá haire go bhfuil acmhainneacht mhór ann maidir le bithbhreoslaí a úsáid i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, lenar féidir acmhainní fuinnimh inathnuaite éagsúla a úsáid ar bhealach níos fearr chun spleáchas fuinnimh a laghdú;

86. á chur in iúl gur geal léi an toil a cuireadh in iúl ag an gcruinniú mullaigh is déanaí de Chomhpháirtíocht an Oirthir i mí na Nollag 2021 chun féachaint ar chomhar earnála feabhsaithe i réimse na slándála fuinnimh le comhpháirtithe leasmhara de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir;á chur i bhfios go bhfuil an tslándáil aeráide ina réimse don chomhar breise a d'fhéadfadh a bheith ann idir AE agus Chomhpháirtíocht an Oirthir;

87. ag spreagadh na mBallstát machnamh a dhéanamh ar chiste Chomhpháirtíocht an Oirthir a bhunú a bheadh sonrach don aeráid, lena n-áireofaí comhar trasteorann agus réigiúnach, cosaint na bithéagsúlachta, úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, taighde agus oideachas, agus béim ar leith a leagan ar fhothú acmhainneachta i dteicneolaíochtaí glasa bunaithe ar dhea-chleachtais sna Ballstáit;

°

° °

88. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Eorpach, chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig gníomhaireachtaí AE a bhfuil baint acu le cosaint agus le cibearshlándáil, chuig Ardrúnaí ECAT, agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

## SEASAMH MIONLAIGH

### curtha síos ag an bhFeisire Eorpach Clare Daly (An Chlé)

Is gníomh ionsaithe bhrúidiúil agus neamhdhleathach é ionradh na Rúise ar an Úcráin, nach bhfuil údar leis mar fhreagairt ar bheartas slándála AE i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir.Mar sin féin, chuidigh botúin a rinneadh arís agus arís eile i mbeartas eachtrach an Iarthair i gComhpháirtíocht an Oirthir, lena n-áirítear botúin an Aontais, le coinbhleacht de chineál geopholaitiúil a chothú, rud a bhaineann an bonn den tslándáil agus a chuireann le loighic na coimhlinte atá ina chúlra láithreach don ionradh sin.

Seachas polasaí ar theip air a thréigean, agus roghanna eile díghéaraithe a mholadh a thacódh le hiarrachtaí chun an tsíocháin a bhaint amach, baintear bailíochtú as an ionradh sa tuarascáil seo.Cé go bhfuil gnéithe cuiditheacha ag baint leis, tá sé mar aidhm ag an tuarascáil beartas reatha an AE a dhaingniú, an tAontas a thiomnú tuilleadh do chonair an mhíleataithe, ag baint úsáid as achrann straitéiseach leis an Rúis i limistéar Chomhpháirtíocht an Oirthir mar leithscéal.

Iarrtar sa tuarascáil, inter alia, go ndéanfaí struchtúir chomhchosanta an Aontais a chomhchuibhiú tuilleadh le ECAT, go ndéanfaí tuilleadh arm marfach a chur ar fáil do choinbhleacht ghníomhach trí úsáid a bhaint as an 'Saoráid Eorpach Síochána', go méadófar tuilleadh caiteachais ar chosaint agus go gcuirfear borradh faoi mhíleatachas AE.Agus an pobal san Eoraip agus ar fud an domhain araon ag tabhairt aghaidh ar ghéarchéimeanna éiceolaíochta, eacnamaíocha agus míleata atá ag dul i méid, tá an tAontas Eorpach ag leanúint cosán armála agus iomaíochta idir-impiriúlach. Féachfar air seo mar bhotún sna blianta amach romhainn.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 17.5.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 63<br>–: 9<br>0 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Alexandrov Yordanov, François Alfonsi, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Anna Bonfrisco, Reinhard Bütikofer, Fabio Massimo Castaldo, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Katalin Cseh, Anna Fotyga, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Sandra Kalniete, Karol Karski, Peter Kofod, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, Jean-Lin Lacapelle, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, Claudiu Manda, Lukas Mandl, Thierry Mariani, Pedro Marques, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Javier Nart, Gheorghe-Vlad Nistor, Urmas Paet, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Manu Pineda, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Jacek Saryusz-Wolski, Mounir Satouri, Andreas Schieder, Radosław Sikorski, Jordi Solé, Sergei Stanishev, Tineke Strik, Dominik Tarczyński, Hermann Tertsch, Dragoş Tudorache, Hilde Vautmans, Harald Vilimsky, Idoia Villanueva Ruiz, Viola Von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Witold Jan Waszczykowski, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou, Bernhard Zimniok, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Özlem Demirel, Markéta Gregorová, Juan Fernando López Aguilar, Tom Vandenkendelaere, Mick Wallace |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clare Daly |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 63 | + |
|---|---|
| ECR | Anna Fotyga, Karol Karski, Jacek Saryusz-Wolski, Dominik Tarczyński, Hermann Tertsch, Witold Jan Waszczykowski, Charlie Weimers |
| ID | Anna Bonfrisco, Susanna Ceccardi |
| NI | Fabio Massimo Castaldo |
| EPP | Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Sandra Kalniete, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Lukas Mandl, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Gheorghe-Vlad Nistor, Radosław Sikorski, Tom Vandenkendelaere, Isabel Wiseler-Lima, Željana Zovko |
| Renew | Petras Auštrevičius, Katalin Cseh, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Ilhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, Javier Nart, Urmas Paet, Dragoş Tudorache, Hilde Vautmans, Salima Yenbou |
| S&D | Maria Arena, Włodzimierz Cimoszewicz, Raphaël Glucksmann, Juan Fernando López Aguilar, Claudiu Manda, Pedro Marques, Sven Mikser, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Andreas Schieder, Sergei Stanishev |
| Verts/ALE | François Alfonsi, Reinhard Bütikofer, Markéta Gregorová, Mounir Satouri, Jordi Solé, Tineke Strik, Viola Von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz |

| 9 | - |
|---|---|
| ID | Jean-Lin Lacapelle, Thierry Mariani, Bernhard Zimniok |
| NI | Kostas Papadakis |
| The Left | Clare Daly, Özlem Demirel, Manu Pineda, Idoia Villanueva Ruiz, Mick Wallace |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ID | Peter Kofod, Harald Vilimsky |
| S&D | Dietmar Köster |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh